AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2023
COM(2023) 716 final

2023/0404 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

# LENA mBUNAÍTEAR LINN TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH

{SEC(2023) 716 final} - {SWD(2023) 716 final} - {SWD(2023) 717 final} - {SWD(2023) 718 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1.1 Forais agus cuspóirí an togra

Is cuid bhunriachtanach den chur chuige cuimsitheach i leith na himirce a leagtar amach sa **Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann**[1] í an imirce dhleathach. Is féidir le bealaí dlíthiúla éifeachtacha cabhrú leis an imirce neamhrialta a laghdú agus bearnaí inár margadh saothair a líonadh. Cé go gcoimeádann na Ballstáit an ceart chun líon na ndaoine atá ag teacht ó thríú tíortha chun obair a dhéanamh a chinneadh, ní mór do chomhbheartas imirce an Aontais Eorpaigh comhtháthú gheilleagar an Aontais agus idirspleáchas mhargaí saothair na mBallstát a léiriú. Sin an fáth, de réir mar a chuirtear i dtreis sa Chomhshocrú Nua, gur gá do bheartais an Aontais cothrom na Féinne a chothú idir na margaí náisiúnta saothair mar chinn scríbe imirce. Ba cheart dóibh cabhrú freisin leis na Ballstáit a úsáideann a mballraíocht san Aontas Eorpach mar shócmhainn chun tallann a mhealladh.

Tá fostóirí an Aontais, go háirithe FBManna, ag tabhairt aghaidh ar **ghéarghanntanais scileanna saothair struchtúraigh agus scileanna i go leor gairmeacha**[2]. Mar shampla, leis an aistriú ón **Aontas i dtreo geilleagar glas agus geilleagar digiteach**, cruthaítear móréileamh ar scileanna sonracha in earnálacha áirithe agus iarrtar go ndéanfar ár ngeilleagair agus ár margaí saothair a athstruchtúrú[3] I gcomhthéacs **phaindéim COVID-19**, is léir freisin gur gá aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san **earnáil sláinte**[4]. Cruthaíonn an t-ionchas go mbeidh **daonra atá ag dul in aois agus daonra atá in aois oibre ag laghdú** mar aon le neamhéifeachtúlachtaí atá nasctha le feidhmiú an mhargaidh saothair, brú suntasach agus dúshláin fhadtéarmacha don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghanntanais den sórt sin.

Tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar na ganntanais sin trí chur chuige cuimsitheach lena n-áirítear **daonra neamhghníomhach an Aontais a ghníomhachtú, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú**[5], na dálaí oibre a fheabhsú, agus soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú. Mar sin féin, i bhfianaise na riachtanas atá ag méadú sa mhargadh saothair, ní mór imirce lucht saothair a bheith mar chuid den mheascán beartais sin freisin. Dá bhrí sin, seachas leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair baile an Aontais, is bealach é **tallann agus scileanna a mhealladh ó lasmuigh den Aontas** chun rannchuidiú le **haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo**, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha leis an **aistriú glas agus leis an aistriú digiteach**. Spreagann sé freisin imircigh eacnamaíocha ionchasacha chun teacht chuig an Aontas trí bhealaí dlíthiúla, rud a chuireann le **brú imirce neamhrialta a laghdú**.

---

1 COM/2020/609 final.

2 Athbhreithniú bliantúil ar Fhorbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2023. Mar is léir ó na liostaí de na gairmeacha ina bhfuil géarghanntanas oibrithe go forleathan atá i dtuarascáil Eures 2022 maidir le gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe agus gairmeacha ina bhfuil barrachas oibrithe, féach thíos, chun tuilleadh sonraí a fháil: Tuarascáil EURES-Tuarascáil ar Ghanntanais Saothair(europa.eu).

3 Aithnítear i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais in 2023 go méadófar leis an aistriú glas ar na héilimh ar scileanna nua ar gach leibhéal. Mar shampla, tá gá ar leith le níos mó speisialtóirí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a earcú san Eoraip chun riachtanais na n-éiceachóras tionsclaíoch a chomhlíonadh. Go deimhin, in 2021, bhí deacrachtaí ag thart ar 60 % d'fhiontair an Aontais a d'earcaigh speisialtóirí TFC nó a rinne iarracht iad a earcú chun folúntais TFC a líonadh. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún ról ceannasach a imirt san aistriú ar fud an domhain chuig an nGréasán 4.0 agus chuig an saol fíorúil, tá gá méadaitheach le speisialtóirí ardoilte i dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an bpróiseas sin, amhail réaltacht leathnaithe, an néal, 5G, mórleabhar dáilte etc.

4 Chuir paindéim COVID-19 dlús le ganntanais sheanbhunaithe in earnálacha ar nós cúram sláinte agus TFC. Eurofound, Aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair i mBallstáit an Aontais, 2021, lch. 6.

5 Cuireadh i láthair sa Chlár Oibre Eorpach um Scileanna a seoladh in 2020 cuspóirí an Aontais maidir le huas-sciliú agus athsciliú sna cúig bliana amach romhainn. Déantar foráil sa Chlár Oibre um Scileanna freisin maidir le daonra neamhghníomhach an Aontais a ghníomhachtú trína lánpháirtiú sa mhargadh saothair a chur chun cinn.

Mar sin féin, tá fostóirí agus cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha fós ag tabhairt aghaidh ar roinnt dúshlán a bhaineann le hearcaíocht idirnáisiúnta. Baineann sé sin an bonn d'acmhainneacht na mbealaí imirce dleathaí chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna an Aontais. Go háirithe, is minic a bhíonn **meaitseáil post idirnáisiúnta liobarnach agus neamhéifeachtach** mar gheall ar easpa cainéal agus uirlisí éifeachtacha, deacrachtaí rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi phróisis earcaíochta agus í a thuiscint chomh maith leis na costais arda a bhaineann leis na nósanna imeachta sin. D'fhéadfadh sé sin, in éineacht leis an riosca a mheastar a bheith ann maidir le hearcaíocht éagórach agus dálaí oibre dúshaothraithe, náisiúnaigh tríú tír a dhíspreagadh ó dheiseanna fostaíochta a lorg san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, **tá an éiginnteacht maidir le cruinneas, cáilíocht agus inchomparáideacht na gcáilíochtaí agus na scileanna a fhaightear thar lear** ar cheann de na príomhdhídhreasachtaí d'fhostóirí an Aontais agus do náisiúnaigh tríú tír i dtaobh bheith ag brath ar earcaíocht idirnáisiúnta. Tá an úsáid theoranta a bhaintear as bealaí imirce lucht saothair chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna an Aontais nasctha freisin le **hilroinnt fhoriomlán an chreata imirce**, rud a fhágann go mbíonn nósanna imeachta casta agus liobarnacha ann atá deacair a thuiscint agus ar deacair d'fhostóirí agus do náisiúnaigh tríú tír araon iad a leanúint. Ina theannta sin, tá **cur chuige neamhréireach agus ilroinnte ann maidir le comhar le tríú tíortha** i ndáil le himirce dhleathach agus bainistiú na himirce ar an iomlán, rud a chuireann cosc ar an Aontas an tallann a theastaíonn uaidh a mhealladh agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an chomhair thairbhiúil maidir le bainistiú foriomlán imirce.

Chun na críche sin, aithníodh go sainráite sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an gá atá le tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar fhorbairt Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Fógraíodh an tionscnamh sin go foirmiúil sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le "**Scileanna agus Tallann a Mhealladh**" i mí[6].

Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **aghaidh a thabhairt go páirteach ar na dúshláin** a luaitear thuas trí éascú a dhéanamh ar thairiscint poist a fháil, ar réamhriachtanas riachtanach é víosa nó cead cónaithe a fháil a bhaineann le hobair i gcomhréir le creat imirce dleathaí an Aontais. Ina theannta sin, soláthróidh sé rochtain níos soiléire agus níos trédhearcaí i bhfoirmiú na rialacha maidir le hinimirce, fostaíocht agus aitheantas cáilíochtaí sna Ballstáit, rud a éascóidh rochtain ar nósanna imeachta inimirce agus aitheantais dá bhrí sin. Ar deireadh, trí uirlis a sholáthar chun socrúcháin fostaíochta a chur chun feidhme i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, rannchuideoidh sé freisin le comhar maidir le himirce lucht saothair le tríú tíortha a fheabhsú, agus ábhair imní tríú tíortha agus riachtanais an mhargaidh saothair á gcur san áireamh ag an am céanna.

Is é Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an chéad **ardán ar fud an Aontais** a bheidh dírithe ar earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil suim acu agus a bhfuil na scileanna acu is gá chun oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais. Tacóidh an t-ardán ar líne le meaitseáil idir folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe san Aontas le próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas. **Uirlis dheonach** a bheidh ann do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann. Beidh sé **oscailte do lucht cuardaigh fostaíochta ísealoilte, meánoilte agus ardoilte**. Díreofar le Linn Tallainnean Aontais Eorpaigh ar **ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar gach leibhéal scileanna**, le héascaíochtaí breise chun na Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme. Déanfaidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **uirlisí sonracha** a chomhtháthú chun sainaithint agus meaitseáil a éascú,

6 COM/2022/657 final.

agus tairbhe á baint as comhpháirteanna áirithe TF a athúsáid ó Ardán EURES atá ann cheana féin. Forálfar leis an ardán seo freisin do sheirbhísí breise chun tacú le hearcaíocht idirnáisiúnta lena n-áirítear soláthar faisnéise maidir le rialacha earcaíochta agus inimirce chomh maith le nósanna imeachta aitheantais, dálaí oibre agus maireachtála agus tacaíocht shonrach ó Phointí Teagmhála Náisiúnta sna Ballstáit rannpháirteacha.

Tá roinnt Ballstát tar éis ról lárnach na himirce dleathaí a aithint cheana féin agus beartais forbartha acu chun tallann a mhealladh, mar shampla trí scéimeanna sonracha a chur chun cinn chun próisis imirce a chuíchóiriú, leis an eisiamh ó thástáil an mhargaidh saothair le haghaidh gairmeacha áirithe ina bhfuil ganntanas oibrithe agus, i roinnt cásanna, le hardáin idirnáisiúnta meaitseála post. Tá tacaíocht theicniúil á fáil ag roinnt Ballstát faoi láthair chun athchóirithe ar imirce lucht saothair a fhorbairt nó a chur chun feidhme faoi Ionstraim an Choimisiúin um Thacaíocht Theicniúil. Ar an iomlán, mar gheall ar easpa cur chuige comhchuibhithe ar fud na mBallstát maidir le cuardaitheoirí poist a mhealladh ó thríú tíortha, mar aon le hinfheictheacht theoranta na n-ardán náisiúnta atá ann cheana ar an leibhéal domhanda níos leithne, laghdaítear cumas na mBallstát barainneachtaí scála a bhaint amach agus beartais maidir le tallann a mhealladh á bhforbairt ina n-aonar. Dá bhrí sin, tacóidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go sonrach leis na Ballstáit rannpháirteacha chun **aghaidh a thabhairt ar chuid de na príomhdhúshláin a bhaineann le hearcaíocht idirnáisiúnta**.

## 1.2 Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leanann an togra seo an Comhaontú ón gCoimisiún maidir le hImirce agus Tearmann, a glacadh an 23 Meán Fómhair 2020, lenar aithníodh an imirce dhleathach mar chuid bhunriachtanach de chur chuige cuimsitheach an Aontais i leith na himirce agus lenar gealladh “tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais d'oibrithe oilte tríú tír a d'fhéadfadh feidhmiú mar ardán ar fud an Aontais le haghaidh earcaíochta idirnáisiúnta”. Cuireadh i dtreis leis an gComhshocrú freisin gur féidir le bealaí dlíthiúla éifeachtacha dul chun tairbhe do mhargadh saothair an Aontais agus cur leis an imirce neamhrialta a laghdú.

Chun a áirithiú go n-éireoidh an tAontas níos tarraingtí agus chun feabhas a chur ar bhainistiú foriomlán na himirce, ghlac an Coimisiún an Pacáiste um Scileanna agus Tallann i mí Aibreáin 2022 lena gcuirtear sraith tionscnamh chun cinn chun na spriocanna sin a bhaint amach. Go háirithe, fógraíodh leis an bpacáiste go raibh sé ar intinn Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú. Thacaigh Parlaimint na hEorpa go láidir leis sin ina dhá rún maidir le beartas i ndáil le himirce dhleathach 2021[7] chomh maith le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún ina dtuairimí maidir leis an bPacáiste um Scileanna agus Tallann[8].

Tá bealaí imirce lucht saothair á rialú faoi láthair ag ***acquis* an Aontais um imirce dhleathach** lena mbunaítear na téarmaí maidir le ceadanna cónaithe agus oibre a bhronnadh agus a aistarraingt chomh maith leis na cearta a bhaineann leo. Leis na **Treoracha maidir le himirce dhleathach** atá ann cheana, déantar coinníollacha iontrála agus cónaithe na mBallstát a chomhchuibhiú le haghaidh catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear chun críoch saothair. I ndáil leis an méid sin, chuirfeadh tionscnamh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

7 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2021 maidir le bealaí nua le haghaidh imirce dhleathach lucht saothair (2020/2010(INI)); Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2021 chomh maith le moltaí don Choimisiún maidir le beartas agus dlí na himirce dleathaí (2020/2255(INL).

8 Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas an 28 Feabhra 2023, EESC 2022/02745</g><g id="204. Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le himirce dhleathach: Scileanna agus buanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach, COR 2022/03942.

feabhas ar úsáid Threoracha an Aontais maidir le himirce dhleathach. Go háirithe, tríd an gcreat reachtach maidir le himirce dhleathach a dhéanamh níos soiléire, trí fhaisnéis agus seirbhísí tacaíochta ar líne a sholáthar, d'éascódh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain ar nósanna imeachta agus, dá bhrí sin, thacódh sí le hearcú idirnáisiúnta náisiúnach tríú tír trí bhealaí dlíthiúla.

Ina theannta sin, tá **Comhpháirtíochtaí Tallainne**[9] á seoladh ag an gCoimisiún le tíortha comhpháirtíochta sonracha chun borradh a chur faoi shoghluaisteacht idirnáisiúnta agus faoi fhorbairt scileanna ar bhealach comhthairbheach, mar chuid de chur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce. Tá na Comhpháirtíochtaí Tallainne ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus déantar iad a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas. Tacóidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne trí uirlis a chur ar fáil chun cuardaitheoirí poist ó na tíortha comhpháirtíochta atá rannpháirteach sna comhpháirtíochtaí sin a shocrú go héifeachtach. Méadóidh sé éifeachtacht chomhar an Aontais le tríú tíortha maidir le himirce dhleathach agus, mar thoradh air sin, maidir le bainistiú foriomlán na himirce. Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne.

Mar a dearbhaíodh i Moladh 2020 ón **gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosaint a thabhairt don Aontas**[10], tá an Coimisiún ag tacú freisin le hiarrachtaí na mBallstát bealaí dlíthiúla agus sábháilte a sholáthar agus a fheabhsú don Aontas Eorpach dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar fud an domhain. Ós rud é go mbeidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh oscailte do gach cuardaitheoir poist ó thríú tíortha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, tacóidh sí freisin le hoibríochtú na mbealaí comhlántacha.

## 1.3 Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

**Comhlánóidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tionscnaimh bheartais an Aontais a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas**amhail an **Clár Oibre Eorpach um Scileanna**[11] lena n-aithnítear an gá atá le cur chuige níos straitéisí maidir le himirce dhleathach, atá dírithe ar thallann a mhealladh agus a choinneáil níos fearr chun acmhainneacht fáis agus nuálaíochta a chur chun cinn agus chun imirce dhleathach a threorú i dtreo réigiún agus gairmeacha atá thíos mar gheall ar ghanntanais scileanna.

Ina theannta sin, rannchuideoidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach san Aontas, i gcomhréir **leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta**[12] agus le **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais**[13] lena n-aithnítear an gá atá ann na scileanna is gá don aistriú tionsclaíoch sin a thabhairt don lucht saothair.

Tá Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag teacht freisin leis an **gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht**, toisc go dtacódh sí le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí nuálacha cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a aimsiú leis na scileanna cearta agus leis an

9 Comhpháirtíochtaí tallainne (europa.eu).
10 C/2020/6467.
11 Cuireadh i láthair sa Chlár Oibre Eorpach um Scileanna a seoladh in 2020 cuspóirí an Aontais maidir le huas-sciliú agus athsciliú sna cúig bliana amach romhainn.
12 COM/2023/161 final.
13 COM/2023/62 final.

**Teachtaireacht maidir le hiomaíochas Fadtéarmach an Aontais**[14] lena leagtar béim freisin ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna.

Is é **líonra EURES** an creat le haghaidh comhair idir na Ballstáit chun feidhmiú shaorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas a éascú. Tacaíonn sé le soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas trí fholúntais agus CVanna iarrthóirí a thabhairt le chéile. Cé nach bhfuil sé oscailte do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a earcú, ba cheart cuid de na gnéithe seanbhunaithe de EURES, amhail ról na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, soláthar faisnéise faoi dhálaí maireachtála agus oibre agus na caighdeáin theicniúla maidir le malartú sonraí agus formáidí sonraí a athúsáid chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar bun. Go háirithe, ba cheart ról lárnach a bheith ag Seirbhísí Poiblí Fostaíochta i gcur chun feidhme Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Is féidir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas cheana brath ar thacaíocht ó sheirbhísí fostaíochta poiblí náisiúnta chun post a fháil sa Bhallstát ina bhfuil siad ag fanacht. Ina theannta sin, is féidir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas brath ar EURES, a luaithe a bheidh an ceart chun gluaisteacht acu agus an ceart dul i mbun oibre i mBallstát eile den Aontas.

Ina theannta sin, díreoidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, rud a chruthóidh sineirgí leis an mbeartas fostaíochta. I ndáil leis sin, is féidir a mheas go bhfuil ról an **Údaráis Eorpaigh Saothair** (ELA), EUROFOUND agus CEDEFOP maidir leis na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a shainaithint ábhartha mar aon leis an ról agus an saineolas atá bunaithe cheana féin a forbraíodh chun meaitseáil cuardaitheoirí poist agus fostóirí a éascú trí ardán EURES. Don todhchaí, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar shineirgí breise idir ról ELA agus rialachas agus cur chun feidhme Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh amach anseo.

Tá Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna **de phacáiste an Choimisiúin maidir leis an tsoghluaisteacht tallainne** mar chuid den Bhliain Eorpach um Scileanna. San áireamh sa phacáiste tá Teachtaireacht maidir le scileanna agus soghluaisteacht tallainne, togra le haghaidh moladh ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír, agus togra le haghaidh moladh ón gComhairle ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’ – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách. Is é is aidhm do na bearta arna nglacadh soghluaisteacht tallainne a éascú, tacú le meaitseáil saothair náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí orthu thar lear, agus cabhrú leis na Ballstáit agus le fostóirí a gcáilíochtaí a aithint agus a gcuid scileanna a bhailíochtú ar bhealach níos éifeachtúla. Beidh sé mar aidhm acu cur le tarraingteacht an Aontais do thallann ó lasmuigh den Eoraip agus cuidiú lena áirithiú gur féidir leas iomlán a bhaint as an tallann laistigh den Aontas.

Ina theannta sin, tá Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh comhsheasmhach leis an **Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh le déanaí maidir le ‘Demographic change in Europe a toolbox for action’** [Athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta]. Aithnítear sa Teachtaireacht go meastar gur in olcas a rachaidh na ganntanais saothair mar gheall ar aosú agus laghdú ar dhaonra an Aontais, mura dtugtar aghaidh air agus go méadófar an brú ar bhuiséid phoiblí agus go ndéanfar difear do bhuntáiste iomaíoch an Aontais. Cuireann sé an tsraith chuimsitheach uirlisí beartais atá ar fáil cheana féin ar leibhéal an Aontais i láthair do na Ballstáit chun gach glúin san Aontas a chumhachtú agus tacú leo lena roghanna saoil agus a gcumas sa gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne a bhaint amach. Sainaithnítear sa Teachtaireacht freisin an gá atá le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais trí

[14] COM/2023/168 final.

imirce dhleathach bhainistithe nuair is gá, i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as buanna ó laistigh den Aontas.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1 Bunús dlí

Is é Airteagal 79(2)(a) CFAE an bunús dlí le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais sa réimse sin. Leis an bhforáil seo, tugtar an chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh i réimse choinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír.

Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh earcú náisiúnach tríú tír a chónaíonn thar lear agus ar mian leo oibriú san Aontas a éascú. Ós rud é gur réamhchoinníoll é post a fháil agus tairiscint poist a fháil do náisiúnaigh tríú tír chun ceart iontrála agus cónaithe a fháil i mBallstát i gcomhréir le creat imirce dleathaí an Aontais, ceadaíonn gníomhaíocht reachtóra an Aontais lena ndéantar níos éasca é do náisiúnach tríú tír tairiscint poist a fháil ó fhostóir i mBallstát, mar atá i gcás Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, do náisiúnaigh tríú tír an coinníoll sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tagann gníomhaíocht bheartaithe reachtóir an Aontais laistigh de réimse choinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír.

### 2.2 Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

De réir phrionsabal na coimhdeachta ní fhéadfar gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais a dhéanamh ach amháin mura féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna a bheartaítear a ghnóthú astu féin, agus más féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Le CFAE, tugtar an chumhacht go sainráite don Aontas comhbheartas inimirce a fhorbairt, agus mar sin is cuspóir soiléir é a dtabharfar faoi ar leibhéal an Aontais. Ag an am céanna, is réimse inniúlachta comhroinnte é an imirce dhleathach idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, agus aithnítear in Airteagal 79 CFAE an ceart atá ag na Ballstáit líon na náisiúnach tríú tír atá á ligean isteach ar a gcríoch ó thríú tíortha chun obair a lorg a chinneadh. Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta ós rud é gur réimse inniúlachta roinnte é sin.

Tá ganntanais scileanna agus saothair roimh na Ballstát uile agus meastar go dtiocfaidh méadú air sin i bhfianaise dhúshláin dhéimeagrafacha agus cheanglais dhéimeagrafacha an aistrithe dhúbailte (an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach). Tugann na Ballstáit aghaidh ar na dúshláin sin mar atá tríd an lucht saothair náisiúnta a ghníomhachtú, trí uas-sciliú, athsciliú, soghluaisteacht laistigh den Aontas a chothú agus feabhas a chur ar dhálaí oibre i ngairmeacha beatha áirithe. Mar sin féin, is comhchuid thábhachtach de fhreagairt chuimsitheach ar ghanntanais í an imirce dhleathach freisin.

Tá comhpháirt láidir trasteorann ag baint le hearcú teoranta náisiúnach oilte tríú tír trí bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna.

Cé go bhfuil roinnt Ballstát tar éis ról lárnach na himirce dleathaí a aithint cheana féin agus beartais forbartha acu chun tallann a mhealladh, tá tionscnaimh agus beartais náisiúnta chun earcaíocht idirnáisiúnta náisiúnach tríú tír a fheabhsú ilroinnte go forleathan agus éagsúil ar fud na mBallstát maidir le scála na hidirghabhála.

Níl ach **ardáin dhigiteacha agus uirlisí meallta tallainne ag líon beag Ballstát ar an leibhéal náisiúnta** a dhíríonn go sonrach ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha trí thacaíocht do chuardach poist agus faisnéis atá ábhartha d'earcaíocht idirnáisiúnta a thairiscint. Mar sin

féin, is minic a bhíonn a raon feidhme teoranta toisc go ndírítear iad den chuid is mó ar oibrithe ardoilte (cé go mbaineann ganntanas oibrithe an Aontais le gach leibhéal scileanna) agus bíonn feidhmiúlachtaí teoranta acu. Ina theannta sin, tá na huirlisí sin dírithe ar mhargaí saothair náisiúnta, agus dá bhrí sin ní bhaineann siad úsáid as na barainneachtaí scála is féidir le comhar an Aontas a thairiscint chun náisiúnaigh tríú tír a mhealladh.

Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonair aghaidh a thabhairt go leormhaith ar **na bacainní ar earcú náisiúnach tríú tír**.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit atá ag gníomhú ina n-aonar, go háirithe Ballstáit bheaga nach bhfuil chomh hinfheicthe ar fud an domhain, in ann dóthain oibrithe ionchasacha ó thríú tíortha a mhealladh. Dá bhrí sin, ní thabharfadh tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta aghaidh go héifeachtach ar ghanntanais saothair ar fud an Aontais, ach d'fhéadfadh ardán aontaithe cuidiú leis an mbearna idir soláthar saothair ionchasaigh ó thríú tíortha agus éileamh fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit a nascadh agus a líonadh, rud a mheallfadh tallann eachtrach ar bhealach níos éifeachtaí i gcomparáid leis an méid a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach ina n-aonar. Ina theannta sin, tá ilroinnt agus easpa comhordaithe idir ardáin náisiúnta nó phríobháideacha éagsúla atá ann cheana, nach bhféadfaí a shárú ach amháin trí ardán ar leibhéal an Aontais lena soláthraítear cur chuige cuimsitheach cuíchóirithe.

Tá an tAontas Eorpach ina iomláine níos tarraingtí do náisiúnaigh tríú tír ar spéis leo an imirce ná mar atá na Ballstát iad féin astu féin. Chuirfeadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, mar ardán meaitseála post amháin ar fud an Aontais a thairgeann faisnéis thrédhearcach freisin maidir le próisis inimirce agus earcaíochta chomh maith le seirbhísí tacaíochta, **feabhas ar éifeachtúlacht fhoriomlán an bhainistithe imirce lucht saothair** ar leibhéal an Aontais agus **chuirfeadh sé an tAontas chun cinn mar cheann scríbe do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a d'fhéadfadh bearnaí scileanna a líonadh**. A bhuí leis **na barainneachtaí scála** is féidir a bhaint amach trí chomhar an Aontais, is amhlaidh is fearr a bheadh an tAontas Eorpach in ann dul san iomaíocht ar an gcéim dhomhanda maidir le tallann eachtrach a mhealladh. Áiritheofar leis sin go mbainfear amach **líon níos mó cuardaitheoirí poist féideartha ag a bhfuil na scileanna** atá ag teastáil, agus go dtabharfar aghaidh níos fearr ar riachtanais saothair na bhfostóirí i ngach Ballstát. Sheolfadh sé teachtaireacht shoiléir chuig cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha go bhfuil an tAontas Eorpach réidh le fáilte a chur rompu ina mhargadh saothair, agus cosaint a thabhairt ag an am céanna i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre dúshaothraithe.

**2.3 Comhréireacht**

Ní thiocfadh an tionscnamh seo in ionad tionscnamh agus ardán náisiúnta i gcomhthéacs earcaíochta idirnáisiúnta ná ní dhéanfadh sé beartais na mBallstát maidir le tallann a mhealladh a shainiú. Ina theannta sin, ós rud é **nach bealach nua imirce dleathaí é Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**, ní dhéanfadh sé difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír a ligean isteach ar a gcríoch ná a lánrogha maidir le tástálacha ar an margadh saothair a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta a chinneadh. Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, thairgfeadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **tacaíocht bhreise ar leibhéal an Aontais Eorpaigh**. Tá an tionscnamh teoranta do na gnéithe sin nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go sásúil astu féin, agus i gcás ina bhfuil an tAontas in ann gníomhú ar bhealach níos fearr d'fhonn barainneachtaí scála a bhaint amach. Dá bhrí sin, bheadh na Ballstáit in ann a n-uirlisí a choinneáil ar bun agus iad a chomhlánú leis an ardán nua. Dá bhrí sin, bheadh breisluach ag an **tionscnamh sin maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a bhfuil beartais maidir le tallann a mhealladh á bhforbairt acu cheana féin.** Bheadh na Ballstáit sin nach bhfuil uirlis den chineál sin i bhfeidhm acu in ann úsáid a bhaint as Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seachas a n-ardán

féin a chur ar bun. Ar an iomlán, chabhródh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le hoibrithe náisiúnach tríú tír a mhealladh ó thar lear i gcás nach féidir ganntanas saothair agus scileanna sna Ballstáit a líonadh go leordhóthanach murach sin. Ina theannta sin, trí ardán ar fud an Aontais Eorpaigh a sholáthar le raon níos leithne uirlisí agus seirbhísí chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, d'áiritheodh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh níos mó infheictheachta d'fholúntais fhostóirí an Aontais ar an leibhéal domhanda chomh maith le líon níos leithne iarrthóirí ionchasacha a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais.

I bhfianaise an méid thuas, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.

### 2.4 An rogha ionstraime

Tá sé beartaithe leis an togra go mbunófar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ardán ar fud an Aontais atá dírithe ar earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais. Leagtar amach sa togra raon feidhme an iarratais, ollstruchtúr an chórais TF, an struchtúr rialachais, na rialacha do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus feidhmiú foriomlán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear soláthar faisnéise agus seirbhísí tacaíochta.

Is uirlis dheonach í Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tá saorchead ag na Ballstáit, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh dul isteach ann nó gan dul isteach ann. Cuirfear an rún a bheith rannpháirteach in iúl don Choimisiún. Ní bheidh ach fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha in ann a bhfolúntais phoist a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Chun ardán uile-AE a bhunú, tá gá le rialacha is infheidhme go díreach. Ní éilítear aon bheart trasuite le rialacha den sórt sin. Ba cheart na rialacha sin a beith soiléir a dhóthain, mionsonraithe agus neamhchoinníollach, agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach i ngach Ballstát atá rannpháirteach. Dá bhrí sin, is é Rialachán an ionstraim is iomchuí chun cuspóirí an togra a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 3.1 Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Idir an 23 Meán Fómhair agus an 30 Nollaig 2020, seoladh comhairliúchán poiblí maidir le todhchaí na himirce dleathaí faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann[15]. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhairliúchán poiblí seo réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas breise a chur ar chreat an Aontais maidir le himirce dhleathach, lena n-áirítear trí reachtaíocht nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Áiríodh ceisteanna atá ábhartha chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú (4 cheist as 13 cheist)[16]. Tháinig freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí thuasluaite ó shaoránaigh an Aontais, eagraíochtaí agus náisiúnaigh tríú tír (a chónaíonn laistigh den Aontas nó lasmuigh de), ó chomhlachais agus eagraíochtaí

[15] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12594-Public-consultation-on-legal.

[16] Bhain ceisteanna le sainaithint gairmeacha ina mbeidh ar an Aontas Eorpach náisiúnaigh tríú tír a earcú ina leith sna blianta amach romhainn den chuid is mó, leis na príomhchuspóirí ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus leis na critéir iontrála a d'fhéadfadh a bheith ann chuig Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le ceist oscailte dheiridh maidir le conas beartas imirce dleathaí an Aontais a fheabhsú.

gnó, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó institiúidí acadúla/taighde, ó cheardchumainn, ó aireachtaí agus ó eintitis seirbhíse poiblí.

Rinneadh comhairliúcháin fhairsinge le páirtithe leasmhara ábhartha i gcomhthéacs staidéar féidearthachta **ECFE ar an Linn Tallainne**[17], a tugadh chun críche i mí an Mheithimh 2022. Áiríodh orthu sin gníomhaithe ábhartha san earnáil phoiblí agus phríobháideach, ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, chomh maith le hacadóirí agus saineolaithe. I measc na ngníomhaithe san earnáil phoiblí bhí aireachtaí ábhartha, eintitis réigiúnacha, tionscnaimh náisiúnta chun tallann a mhealladh, agus seirbhísí fostaíochta. I measc na ngníomhaithe san earnáil phríobháideach bhí ionadaithe fostóirí, cuideachtaí ilnáisiúnta, ceardchumainn, agus gníomhaireachtaí earcaíochta. Chuathas i gcomhairle le seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh, agus le gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais freisin.

Mar chuid d'ullmhú an **Phacáiste Scileanna agus Tallann**, eagraíodh comhairliúcháin spriocdhírithe, lena n-áirítear maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, leis na Ballstáit, lena n-áirítear Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, agus grúpaí saineolaithe atá ag obair ar ghnéithe a bhaineann leis an imirce.

Idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2023, d'eagraigh an Coimisiún comhairliúcháin fhairsinge spriocdhírithe chun cur leis an Measúnú Tionchair ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Clúdaíodh leis na comhairliúcháin sin ceisteanna níos teicniúla i gcomparáid leis na cinn atá san áireamh sa chomhairliúchán poiblí agus i staidéar féidearthachta ECFE. Rinne an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe le réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, údaráis inniúla sna Ballstáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, ceardchumainn agus comhlachais fostóirí.

Ina theannta sin, foilsíodh Glao ar Fhianaise ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ina dtugtar míniú mionsonraithe ar an tionscnamh atá beartaithe ar an suíomh gréasáin "Cloisimis uait"[18]. Rannchuidigh 45 pháirtí leasmhar san iomlán, lena n-áirítear líonraí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, údaráis áitiúla agus réigiúnacha sna Ballstáit chomh maith le saoránaigh an Aontais trína n-aiseolas a sholáthar.

D'fháiltigh an chuid is mó de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo roimh an tionscnamh atá beartaithe agus d'admhaigh siad an cumas atá aige breisluach a sholáthar maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna trí earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus trí rannchuidiú le bacainní atá ann cheana a laghdú. Go háirithe, aithníodh go bhféadfadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis agus treoir shoiléir a sholáthar le linn an phróisis earcaíochta. Bhí formhór mór na ngeallsealbhóirí i bhfabhar uirlis dheonach a fhorbairt a bheadh ar oscailt do na Ballstáit ar spéis leo a bheith rannpháirteach. D'fháiltigh formhór na ngeallsealbhóirí roimh an rogha maidir le huirlis atá bunaithe ar éileamh bunaithe ar riachtanais iarbhír an mhargaidh saothair agus atá oscailte do gach leibhéal scileanna agus atá dírithe ar ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais sa chéad chéim leis an bhféidearthacht a raon feidhme a leathnú le himeacht ama.

[17] Cumhdaíodh i staidéar féidearthachta ECFE an measúnú ar thrí chás a d'fhéadfadh a bheith ann chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt chomh maith leis an anailís costais is tairbhe do gach cás. Rinneadh measúnú mionsonraithe sa staidéar ar an gcreat dlíthiúil, an rialachas, raon feidhme an chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le feidhmiúlachtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh amach anseo. Féach staidéar féidearthachta ECFE ar an Linn Tallainne.

[18] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13716-EU-Talent-Pool_ga.

Chuir roinnt geallsealbhóirí i dtreis an gá atá le cosaint iomchuí náisiúnach tríú tír a áirithiú i gcoinne an riosca a bhaineann le hearcaíocht éagórach agus dálaí oibre dúshaothraithe. Luadh freisin an gá atá le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú maidir le huirlis den sórt sin a fhorbairt. Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le tógáil ar uirlisí earcaíochta atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe an gá atá le hidir-inoibritheacht idir na huirlisí sin a áirithiú. Moladh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, go háirithe ceardchumainn agus údaráis náisiúnta agus áitiúla i gceapadh agus i gcur chun feidhme an tionscnaimh.

Cuireadh na príomhfhadhbanna a sainaithníodh sna comhairliúcháin san áireamh agus tugadh aghaidh orthu sa togra.

### 3.2 Bailiú agus úsáid saineolais

Thacaigh staidéar a rinne conraitheoir seachtrach leis an Measúnú Tionchair ar bhunú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le roinnt grúpaí saineolaithe maidir leis an togra um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh: anSainghrúpa um Imirce Eacnamaíoch, Líonra na gcleachtóirí imirce Dleathaí, an Sainghrúpa um Thuairimí na nImirceach i réimse na hImirce, an Sainghrúpa um aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla, Grúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le hionadaithe na mBallstát i gcomhthéacs an Ardáin Eorpaigh um Imirce Lucht Saothair agus chruinniú na gComhairleoirí um Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta Eorpacha (AFEPAnna).

### 3.3 Measúnú tionchair

I gcomhréir leis an mbeartas um "Rialáil Níos Fearr", agus an togra á ullmhú aige, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair ina ndearnadh meastóireacht ar thrí rogha bheartais:

**Rogha 1: Bearta boga atá dírithe ar sholáthar faisnéise a fheabhsú agus sainaithint agus meaitseáil a éascú (rogha neamhreachtach)**

Is éard a bhí sa rogha sin sraith **beart neamhreachtach arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus sainaithint agus meaitseáil a éascú**. Bhí sé beartaithe leis i) Tairseach Inimirce AE a fheabhsú, ii) imeachtaí meaitseála post a eagrú, agus iii) catalóg ar líne de phróifílí cuardaitheoirí poist atá faoi ainm bréige a fhorbairt ó náisiúnaigh tríú tír a bhunaigh na Ballstáit, tar éis Moladh ón gCoimisiún. D'éascódh Líonra Comhordaitheoirí Náisiúnta an nasc idir fostóirí leasmhara agus iarrthóirí.

**Rogha 2: Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh saothair i bpríomhghairmeacha (rogha reachtach)**

Leis an rogha sin, beartaíodh gníomhaíocht reachtach chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú. Is éard a bheadh i gceist leis sin **ardán ar líne** a fhorbairt lena dtabharfaí le chéile próifílí atá cláraithe ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta ó fhostóirí atá bunaithe san Aontas. Bheadh an uirlis oscailte **do gach leibhéal scileanna** agus ag an am céanna bheadh sí **dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais** (lena n-áirítear breithnithe réigiúnacha). Ina theannta sin, bheadh sé ina **uirlis chun tacú le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne** trí chuardaitheoirí poist ó náisiúnaigh tríú tír a ghlac páirt i gComhpháirtíocht Tallainne a threorú chuig socrúchán poist le fostóirí atá bunaithe sa Bhallstát ábhartha. Is **córas deonach** a bheadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin nach mbeadh cead ach na Ballstáit a bhfuil suim acu ann a bheith

rannpháirteach ann. Dhéanfadh ardán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **uirlisí sonracha** a chomhtháthú chun sainaithint agus meaitseáil idir cuardaitheoirí poist agus fostóirí a éascú (e.g. uirlis mheaitseála uathoibrithe), agus tairbhe á baint as comhpháirteanna áirithe TF EURES a athúsáid ag an am céanna. Bheadh faisnéis ar líne faoi nósanna imeachta earcaíochta, inimirce agus aitheantais sna Ballstáit ar fáil ar an ardán. Chuirfeadh na Pointí Teagmhála Náisiúnta atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha tacaíocht agus treoir phearsantaithe ar fáil freisin agus bheadh siad freagrach as cur chun feidhme praiticiúil na huirlise. Faoin rogha sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh bearta éascaithe a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh an próiseas earcaíochta a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla (e.g. mearnósanna imeachta inimirce).

**Rogha 3: Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt mar uirlis atá faoi thionchar an éilimh go hiomlán (rogha reachtach)**

Maidir le rogha 2, leis an rogha sin, beartaíodh gníomhaíocht reachtach chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú agus chun **ardán ar líne** a fhorbairt lena dtugtar le chéile próifílí atá cláraithe ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta ó fhostóirí atá bunaithe san Aontas. Mar sin féin, bheadh an uirlis ina **huirlis atá go hiomlán faoi thionchar an mhargaidh** atá ar **oscailt do gach cuardaitheoir poist ó thríú tíortha agus do gach fostóir beag beann ar a ngairmeacha beatha.** Bheadh sé á spreagadh ag riachtanais na bhfostóirí seachas iad a chomhtháthú i mbreithniú straitéiseach níos leithne ar staid mhargadh an tsaothair agus ar chuspóirí beartais eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Is **córas deonach** a bheadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nach mbeadh cead ach na Ballstáit a bhfuil suim acu ann a bheith rannpháirteach ann. Faoin rogha sin, bheadh **réiteach TF iomlán nua** a forbraíodh trí **chóras meaitseála post** i gceist le hardán TF a fhorbairt atá bunaithe go hiomlán ar algartaim bunaithe ar an intleacht shaorga agus ar theicneolaíochtaí nua-aoiseacha atá spreagtha ag ardáin na hearnála príobháidí atá ann cheana (ní dhéanfaí comhpháirteanna TF EURES a athúsáid). De réir Rogha 2, dhéanfadh an t-ardán **uirlisí sonracha** a chomhtháthú chun sainaithint, cuardach agus meaitseáil a éascú (e.g. uirlis mheaitseála uathoibrithe) agus bheadh **faisnéis ar líne** ar fáil. **Chuirfeadh na Pointí Teagmhála Náisiúnta** atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha tacaíocht agus treoraíocht phearsantaithe ar fáil freisin agus bheadh siad freagrach as cur chun feidhme praiticiúil na huirlise. Faoin rogha sin bheadh oibleagáid ar na Ballstáit mearnósanna imeachta inimirce agus aitheantais a thabhairt isteach agus/nó eisiamh ó thástáil an mhargaidh saothair.

Ar bhonn measúnaithe ar na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha, ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na roghanna beartais, agus ar a indéanta agus atá siad ó thaobh na polaitíochta de agus ar ghlacadh na bpáirtithe leasmhara leo, is é Rogha 2 rogha na tosaíochta.

Leis an Rogha thosaíochta, **d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfostóirí agus breithniú straitéiseach níos leithne á dhéanamh ar staid mhargadh an tsaothair agus ar chuspóirí beartais eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta**. Bheadh sé **oscailte do gach leibhéal scileanna agus ag an am céanna** bheadh sásra solúbtha ann chun ganntanais saothair agus scileanna a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos straitéisí agus níos struchtúrtha. Leis an **gcineál deonach**, is féidir leis na Ballstáit leasmhara a n-uirlisí a choinneáil ar bun agus iad a chomhlánú leis an ardán nua, agus, dá bhrí sin, **tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais**. Dá ndéanfaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar uirlis le haghaidh socrúcháin fostaíochta i gcomhthéacs na **gComhpháirtíochtaí Tallainne**, d'éascófaí cur chun feidhme an tionscnaimh seo agus, dá bhrí sin, chuirfí go hindíreach le bainistiú foriomlán na himirce trí chomhar a dhreasú le tríú tíortha maidir le himirce.

Ar an iomlán, rachadh an Rogha thosaíochta **chun tairbhe d'fhostóirí agus do náisiúnaigh tríú tír** toisc go ndéanfadh sé earcaíocht idirnáisiúnta níos tapúla, níos éasca agus níos éifeachtaí. Cé go dtabharfadh sé le tuiscint **costais** a bhaineann le forbairt agus bainistiú an ardáin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, dá n-athúsáidfí eilimintí áirithe TF de EURES, bheadh coigilteas níos airde ann i dtéarmaí acmhainní. Ina theannta sin, le sineirgí le EURES, d'fhéadfaí tógáil ar shaineolas seanbhunaithe an ghréasáin sin maidir le nósanna imeachta earcaíochta. Dá n-úsáidfí gníomhaíocht reachtach, d'fhéadfaí **coimircí iomchuí a áireamh agus trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú maidir le cosaint na gceart bunúsach**, go háirithe maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus maidir leis an riosca go dtarlódh dálaí oibre dúshaothraithe.

### 3.4 Oiriúnacht rialála agus simpliú

Cé nach meastar go mbeidh aon simpliú díreach ar ualach rialála mar thoradh ar an togra seo, ba cheart é a bheith an-tairbheach do ghnó an Aontais agus d'fhostóirí ós rud é, trí earcaíocht idirnáisiúnta a éascú go mbeidh **rochtain níos éasca, níos tapúla agus níos leithne acu ar acmhainní saothair** ó thríú tíortha. Bheadh an tacaíocht atá beartaithe d'earcaíocht idirnáisiúnta **an-tairbheach do FBManna** toisc gur dócha go mbeidh ualach díréireach orthu agus náisiúnaigh tríú tír á bhfostú acu i gcomparáid le fiontair mhóra mar gheall ar acmhainní níos teoranta. I bhfianaise a nádúr spriocdhírithe ag díriú ar ghairmeacha atá ábhartha don Aontais, d'fhéadfadh an togra a bheith an-tairbheach do ghnó an Aontais agus d'fhostóirí atá ag obair in earnálacha straitéiseacha atá ag fulaingt ó ghanntanais struchtúracha amhail na **hearnálacha sin atá nasctha leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.** Ní mheastar go mbeidh tionchar díobhálach ag an rogha tosaíochta ar **shaoránaigh an Aontais** toisc go gcomhtháthóidh sí breithnithe straitéiseacha níos leithne ar mhargadh an tsaothair.

### 3.5 Cearta bunúsacha

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus cuireann sé leis an gceart dul i mbun oibre agus slí bheatha a roghnú (Airteagal 15), dálaí oibre cothroma agus córa (Airteagal 31), an ceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41)[19] agus neamh-idirdhealú (Airteagal 21)[20]. Ina theannta sin, tá Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag teacht freisin leis na ceanglais faoi Airteagal 8 maidir le sonraí pearsanta agus reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais[21]. Go háirithe, leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe críocha na próiseála chomh maith le róil agus freagrachtaí soiléire a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint. Ní phróiseáiltear sonraí pearsanta ach a mhéid is gá chun na cúraimí a shanntar ar mhaithe le leas an phobail d'údaráis inniúla a dhéanamh, mar a leagtar síos sa Rialachán seo.

---

[19] D'éascódh sé rochtain ar an bhfostaíocht san Aontas agus chuirfeadh sé teorainn le hualach riaracháin na nósanna imeachta náisiúnta iomadúla.

[20] Go háirithe maidir le cleachtais earcaíochta agus coinníollacha oibre.

[21] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA[22]

Ós rud é go bhfuil an tionscnamh seo deonach, ní bheadh ach na Ballstáit a bhfuil suim acu ann rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Bíonn costais agus tionchair áirithe éagsúil ag brath ar líon na mBallstát. Chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ag an togra, agus a chineál deonach á chur san áireamh, sin agus go bhféadfaidh roinnt Ballstát a chinneadh dul isteach ann a luaithe a bheidh an córas ag feidhmiú go hiomlán, glacadh leis go mbeadh 11 Bhallstát ar a laghad agus 20 Ballstát ar a mhéad rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais faoi 2030[23] agus go mbeadh tuilleadh Ballstát ag teacht isteach ina dhiaidh sin. Ní thugann an toimhde sin réamhbhreithiúnas ar roghanna na mBallstát agus déanfar an buiséad a choigeartú ag brath ar líon na mBallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an líon is airde is féidir de na Ballstáit a spreagadh chun dul isteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Cuirtear raon costas a mheastar faoi gach cás i láthair thíos.

Tabharfaidh rogha na tosaíochta an méid a leanas le tuiscint:

**1) Costais aonuaire don fhorbairt TF (2026-2027)**

Tá costais TF nasctha le hardán nua TF a fhorbairt trí chomhpháirteanna áirithe TF de EURES a athúsáid go páirteach. Tá formhór mór na gcostas TF beartaithe ar leibhéal an Aontais chun an bonneagar ábhartha a fhorbairt lena n-áirítear, mar shampla, an croíchóras, an uirlis réamhscagtha a chruthú, bunachar sonraí a chruthú do phróifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha chomh maith le hoiriúnuithe ábhartha ar chomhpháirteanna EURES (e.g. uirlis mheaitseála uathoibríoch). Cumhdaítear leis na costais sin freisin idir-inoibritheacht idir córais náisiúnta ábhartha na mBallstát agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

– Cistiú laistigh den Choimisiún: EUR 6 722 056 – 6 804 539 (agus 11 go 20 Ballstát rannpháirteach)

– Cistiú le haghaidh idir-inoibritheacht chórais náisiúnta na mBallstát le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh (don Choimisiún): EUR 2 672 400 – 4 175 625 (agus 11 go 20 Ballstát rannpháirteach).

**2) Costais bhliantúla athfhillteacha le haghaidh rialachais agus saincheisteanna nach mbaineann le TF (amhail ó 2026)**:

[22] Maidir leis na costais tar éis 2027, is costais tháscacha iad agus ní thugann siad réamhbhreithiúnas ar an mbuiséad atá ar fáil don tionscnamh faoin CAI a bheidh ann amach anseo.

[23] Mar a mhínítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an togra reachtach, bhí an toimhde sin bunaithe ar roinnt breithnithe. Cé go mbeadh an tionscnamh saincheaptha chun bheith tarraingteach don oiread Ballstát agus is féidir, is dócha gur próiseas de réir a chéile a bheadh ina rannpháirtíocht agus gan ach roinnt Ballstát ag teacht isteach sna chéad bhlianta oibríochta agus táthar ag súil le méadú de réir a chéile san fhadtéarma. Dá bhrí sin, glacadh leis go bhféadfaidh na Ballstáit ar mó a spéis ann teacht isteach ón tús, agus go leanfaidh Ballstáit eile ina dhiaidh sin. San fhadtéarma, beartaítear go léireofar le glacadh méadaithe leis an tionscnamh an fíoras gur chuir formhór mór na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo fáilte roimh an tionscnamh. Ina theannta sin, is féidir glacadh leis go réasúnta go dtiocfaidh roinnt Ballstát isteach i bhfianaise na riachtanas práinneach a bhaineann leis an staid dhéimeagrafach dhúshlánach lena gceanglófaí brath ar an imirce dhleathach chun aghaidh a thabhairt ar scileanna amach anseo agus ar ghanntanais saothair nach féidir le lucht saothair baile an Aontais aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach.

Bheadh gá le foireann bhreise ar leibhéal an Aontais toisc go mbunófaí Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh laistigh den Choimisiún[24]. Beidh costais ar an gCoimisiún freisin maidir le gníomhaíochtaí atá nasctha le comhordú na bPointí Teagmhála Náisiúnta, oiliúint, cumarsáid, aistriúchán agus soláthar faisnéise ar líne.

Ina theannta sin, bheadh Pointí Teagmhála Náisiúnta ainmnithe sna Ballstáit (amhail ó 2026). I bhfianaise an naisc leis na Comhpháirtíochtaí Tallainne, is féidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh socrúcháin fostaíochta cuardaitheoirí poist a éascú a d'fhorbair nó a bhailíochtaigh a gcuid scileanna i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallann agus a fuair "pas comhpháirtíochta tallainne AE" lena ndeimhnítear é (tar éis 2027).

– Cistiú don Choimisiún: EUR 5 426 500 – 6 000 000 in aghaidh na bliana.

– Cistiú do na Ballstáit (atá le cumhdach le CTIL): EUR 9 440 000 – 16 040 000: EUR 8 000 000 – 14 600 000 le haghaidh na bPointí Teagmhála Náisiúnta ainmnithe (amhail ó 2026) agus EUR 1 440 000 (tar éis 2027) le haghaidh na tacaíochta riaracháin chun "pasanna Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais" a eisiúint (an dá chatagóir costas sin atá le cumhdach le CTIL).

3) Costais bhliantúla athfhillteacha a bhaineann le TF sa chéim oibríochta (tar éis 2027):

– Cistiú don Choimisiún: EUR 1 906 255 – 1 947 497 chun ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chothabháil, agus a ghnéithe agus a bhonneagar breise a fhorbairt le linn an chéad dá bhliain dá oibriú (agus na costais ag laghdú de réir a chéile sna blianta ina dhiaidh sin).

– Cistiú do na Ballstáit (ó na buiséid náisiúnta): EUR 348 075 – 543 867 de chostais bhliantúla a bhaineann le hidir - inoibritheacht a chothabháil idir córais náisiúnta na mBallstát agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh do na Ballstáit rannpháirteacha uile le linn an chéad dá bhliain d'oibriú an chórais, ag glacadh leis go dtiocfaidh idir 11 agus 20 Ballstát isteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faoi 2030 (agus na costais ag laghdú de réir a chéile sna blianta ina dhiaidh sin).

Tá na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin a theastaíonn mionsonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### 5.1 Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Le linn na céime cur chun feidhme, eagróidh an Coimisiún cruinnithe rialta leis na Ballstáit rannpháirteacha trí Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a phlé agus a shoiléiriú. Faoin mbliain 2031 (tar éis tuairim is trí bliana d'oibriú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh) agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún ina ndéanfar meastóireacht ar chur chun feidhme, ar fheidhmiú agus ar thionchar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

[24] Meastar go mbeadh gá le 13 ball foirne sa Choimisiún le haghaidh na gcúraimí uile a bhaineann le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an fhoireann seo de réir a chéile, ag brath ar chéim éabhlóid an tionscnaimh. Go dtí 2027 bheadh gá le 10 ball foirne. Is costais tháscacha iad na costais tar éis 2027 agus ní thugann siad réamhbhreithiúnas ar an mbuiséad atá ar fáil don tionscnamh faoin CAI amach anseo.

Déanfar faireachán ar chur chun feidhme Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in aghaidh na bpríomhchuspóirí beartais ag baint úsáide as roinnt táscairí ábhartha agus intomhaiste bunaithe ar fhoinsí sonraí atá ar fáil go héasca, inghlactha agus inchreidte. Baileofar na sonraí seo a leanas, go háirithe: i) líon agus cineál próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh; ii) líon agus cineál na bhfolúntas poist atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh; iii) líon na gcuairteanna ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh; iv) líon na socrúchán poist a éascaíodh trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh; v) líon na "bpasanna Comhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais" a eisíodh, vi) líon agus cineál na socrúchán a éascaíodh trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne. Dhéanfadh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Is féidir úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí agus líonraí AE atá ann cheana, amhail an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, Gréasán Imirce na hEorpa, agus Lárionad Eolais an Choimisiúin maidir le hImirce agus Déimeagrafaíocht chun taighde poncúil a dhéanamh ar théamaí a bhaineann le cur chun feidhme Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh an Coimisiún d’úsáid a bhaint as na grúpaí saineolaithe atá ann cheana agus a chuir leis an measúnú tionchair.

### 5.2 Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagail 1 – 4

Leagtar amach sa Chaibidil seo an t-ábhar, an raon feidhme agus na sainmhínithe a leagtar amach chun críche an togra.

Bunaítear leis an togra Linn Tallainne an Aontais atá ar fáil do gach Ballstát chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a éascú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu atá i dtríú tíortha.

Is uirlis dheonach í Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a thairgeann tacaíocht bhreise ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú. Bheadh na Ballstáit in ann aon uirlisí atá ann cheana a choinneáil ar bun agus iad a chomhlánú leis an ardán nua. Ós rud é go bhfuil sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit a chinneadh an mian leo a bheith ina mball, leagtar síos rialacha soiléire maidir lena rannpháirtíocht in Airteagal 3. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tráth ar bith bheith ina mball de Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Cuirfear na cinntí sin in iúl don Choimisiún 9 mí ar a dhéanaí roimh ré. Ní bheadh ach fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha in ann úsáid a bhaint as Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun a bhfolúntais phoist a fhoilsiú ar an ardán.

Foilseofar faisnéis faoi na Ballstáit rannpháirteacha ar an ardán chun trédhearcacht a áirithiú maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

CAIBIDIL II – OLLSTRUCHTÚR AN CHÓRAIS TF

Airteagail 5 agus 6

Bunaítear le hAirteagal 5 den togra ardán nua TF (ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh) lena dtugtar le chéile agus lena dtacaítear le meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha. Chun na críche sin, liostaítear na comhpháirteanna TF ábhartha atá le forbairt in Airteagal 5(2). Ina theannta sin, foráiltear go sainítear le glacadh

gníomhartha cur chun feidhme caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí, folúntais phoist agus formáidí próifílí cuardaitheoirí poist.

D'fhonn na himpleachtaí acmhainní a bhaineann le hardán nua TF a fhorbairt a laghdú, ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an mbonneagar TF atá faoi úinéireacht an Choimisiúin cheana a mhéid is féidir.

Chun a áirithiú go dtairgfidh Linn Tallainne an Aontais uirlis tacaíochta éifeachtach do na Ballstáit rannpháirteacha, áirithítear idir-inoibritheacht idir córais náisiúnta agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Chuirfeadh sé sin ar chumas na n-údarás inniúil sna Ballstáit rannpháirteacha – chomh maith le cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh – rochtain a fháil ar fholúntais phoist agus ar phróifílí cuardaitheoirí poist atá cláraithe sna bunachair sonraí náisiúnta agus AE in aon turas amháin.

Ós rud é gurb é atá i gceist le hoibriú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a phróiseáil, déantar foráil in Airteagal 6 den togra seo maidir le rialacha a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear sainmhíniú ar rialaitheoirí sonraí agus iad siúd ar féidir leo rochtain a fháil ar shonraí pearsanta i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chomh maith le forálacha maidir le cearta cuardaitheoirí poist sa chomhthéacs sin. Foráiltear go gcuirfear rialacha níos sonraí ar fáil le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear rialacha maidir le sainiú na bhfochatagóirí sonraí pearsanta atá le próiseáil, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí agus na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta.

CAIBIDIL III – RIALACHAS

Airteagail 7 – 10

Sainaithnítear sna forálacha sin na húdaráis ábhartha atá freagrach as rialachas Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus a róil agus a bhfreagrachtaí.

Bunaítear Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in Airteagal 8 chun bainistiú foriomlán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú, lena n-áirítear ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú agus a bhainistiú.

Tá Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a leagtar amach in Airteagal 9, comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit rannpháirteacha (féadfaidh ionadaithe ó na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach páirt a ghlacadh sna cruinnithe mar bhreathnóirí) agus tá sé dírithe ar thacaíocht a sholáthar maidir le roinnt gnéithe atá ábhartha chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le pleanáil agus comhordú ghníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an grúpa seo fóram plé a thairiscint freisin chun éascú a dhéanamh ar mhalartuithe na mBallstát maidir le nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur chun feidhme chun éascú a dhéanamh ar earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a mheaitseálfar le fostóirí trí bhíthin ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Mar a shainmhínítear in Airteagal 10, ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach na Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh atá freagrach as Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Go háirithe, tarchuirfidh na Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais poist chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faoi liosta náisiúnta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe chomh maith leis na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a baineadh de liosta

uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha sin nó a cuireadh leis an liosta de bhun Airteagal 15(1).

CAIBIDIL IV – CUARDAITHEOIRÍ POIST Ó THRÍÚ TÍORTHA A CHLÁRÚ AGUS FOSTÓIRÍ A BHEITH RANNPHÁIRTEACH I LINN TALLAINNEAN AONTAIS EORPAIGH

Airteagal 11 – Clárú agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha

Foráiltear le hAirteagal 11 rialacha maidir le clárú agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tar éis dóibh a bpróifílí a chlárú trí uirlis tógála próifíle Europass, bíonn cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha le feiceáil ag fostóirí agus ceadaítear dóibh folúntais phoist a chuardach san ardán.

Airteagal 12 – Clárú próifíle agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhthéacs Comhpháirtíochtaí Tallainne

Cuirfidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh uirlis ar fáil chun na Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme trí shocrúcháin fostaíochta a éascú sa chomhthéacs sin. Chun na críche sin, leagtar amach in Airteagal 12 rialacha sonracha maidir le rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne.

Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a ghlac páirt i gComhpháirtíocht Tallainne "Pas Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais" a fháil lena ndeimhnítear na scileanna a forbraíodh nó a bailíochtaíodh i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne. Déanfaidh na Ballstáit na coinníollacha maidir le heisiúint “pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh” a fhormhuiniú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha. Táthar ag súil le gníomh cur chun feidhme chun teimpléid a ghlacadh le haghaidh fhormáid an phas seo.

A luaithe a bheidh próifílí na gcuardaitheoirí poist sin cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, beidh "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" le feiceáil ag fostóirí.

Fuair cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE" faighte acu tacaíocht d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna i gcreat a comhaontaíodh idir na Ballstáit rannpháirteacha agus na tíortha comhpháirtíochta. Féadfar na gníomhaíochtaí sin a dhíriú ar mhargadh fostaíochta Ballstáit amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne, a d'fhéadfadh rannchuidiú, ó thaobh airgeadais de, leis an tacaíocht sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne ábhartha a chinneadh infheictheacht próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil "pas Comhpháirtíochta Tallainne AE" faighte acu a theorannú, ar feadh uastréimhse bliana, d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin.

Airteagal 13 – Rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

Le hAirteagal 13, leagtar síos rialacha maidir le rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Aistríonn Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais fostaíochta fostóirí chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go ndíríonn Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar ghairmeacha áirithe ina bhfuil ganntanas oibrithe, ní aistrítear chuig an ardán ach folúntais poist a thagann faoi liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais (Airteagal 14), na coigeartuithe náisiúnta ar an liosta sin (Airteagal 15) agus na coigeartuithe sin atá ábhartha do Chomhpháirtíocht Tallainne. Chun go n-aistreofar chuig an ardán iad, beidh na folúntais sin

oscailte freisin d'earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhréir le prionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais.

Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas náisiúnta ábhartha an Aontais. Ar an gcaoi sin, cosnaítear cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ó idirdhealú, ón mbaol a bhaineann le hearcaíocht éagórach agus ó dhálaí oibre neamhleora.

Airteagal 14 -15 – Liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais agus coigeartuithe náisiúnta ar an liosta

Chun tacú níos fearr le hiarrachtaí na mBallstát atá rannpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh díriú go sonrach ar na gairmeacha is mó atá ábhartha. Chun na críche sin, leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08. Féadfaidh an Coimisiún an liosta uile-Aontais a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe is coiteann do roinnt mhaith de na Ballstáit rannpháirteacha agus gairmeacha a chuireann go díreach le haistrithe glasa agus digiteacha an Aontais á gcur san áireamh. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh cur leis na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe liostaí ar fud an Aontais nó iad a bhaint astu chun a riachtanais shonracha sa mhargadh saothair a shásamh. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe náisiúnta difear ach do mheaitseáil folúntas sa Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 16 – Cuardach agus meaitseáil

Beidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in ann cuardach a dhéanamh ar a chéile ar an ardán TF trí fheidhm chuardaigh lena soláthraítear scagairí. Beidh scagairí sonracha ar fáil chun próifílí cuardaitheoirí poist a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" acu a shainaithint.

Ina theannta sin, gineann uirlis mheaitseála uathoibrithe atá leabaithe san ardán TF liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist a mholtar. Tá an liosta bunaithe ar ábharthacht na scileanna, na gcáilíochtaí agus na taithí oibre a dhearbhaítear sa phróifíl i leith na scileanna, na gcáilíochtaí agus na taithí oibre a theastaíonn le haghaidh folúntas poist ar leith.

CAIBIDIL V – SOLÁTHAR FAISNÉISE, SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA AGUS NÓSANNA IMEACHTA INIMIRCE LUATHAITHE

Airteagal 17 – Soláthar faisnéise agus seirbhísí tacaíochta

Chun earcaíocht a éascú trí na rialacha ábhartha is infheidhme sna Ballstáit éagsúla a dhéanamh níos intuigthe agus níos trédhearcaí d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, soláthraítear faisnéis ar líne ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le nósanna imeachta earcaíochta, inimirce agus aitheantais.

Ina theannta sin, d'fhonn cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a earcaítear trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú, áirítear faisnéis faoi na sásraí sásaimh atá ar fáil sna Ballstáit rannpháirteacha.

Maidir leis an gcúnamh iar-roghnúcháin, ceanglaítear le hAirteagal 17(3) ar Phointí Teagmhála Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh treoir agus faisnéis a sholáthar arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh, bearta comhtháthaithe náisiúnta agus eagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta do náisiúnaigh tríú tír. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí

sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha.

Airteagal 18 – Gearáin a éascú

Chun cosaint éifeachtach cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a áirithiú, forchuirtear le hAirteagal 18 oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sásraí éifeachtacha i bhfeidhm chun a chur ar chumas cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha gearán a thaisceadh i gcás ina sáraíonn na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 13. I gcomhréir le hAirteagal 10, cuirfear rochtain fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fionraí agus bainfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhfolúntais poist di i gcás ina ndéanfar sárú ar dhlí agus ar chleachtas ábhartha an Aontais agus ar an dlí agus ar an gcleachtas náisiúnta ábhartha chun cóir chomhionann agus cosaint chothrom náisiúnaigh tríú tír a áirithiú i gcoinne earcaíocht éagórach agus coinníollacha oibre neamhleor de bhun Airteagal 13 a chur in iúl do na húdaráis náisiúnta ábhartha atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha.

Airteagal 19 – Nósanna imeachta inimirce luathaithe

Chun earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu thar lear a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí, tugtar isteach le hAirteagal 19 an fhéidearthacht do na Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le bac a chur ar víosaí agus ar cheadanna cónaithe chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh Aontachta.

CAIBIDIL VI – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagail 20 – 24

Leagtar síos leis na hAirteagail sin rialacha maidir le faireachán, tuairisciú, feidhmiú tarmligin agus glacadh gníomhartha cur chun feidhme agus teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2023/0404 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

# LENA mBUNAÍTEAR LINN TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 79(2), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[25],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[26],

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí[27],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar go leanfar de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach.

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, tá gá le cur chuige cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, chomh maith le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar tharraingteacht gairmeacha áirithe. Mar gheall ar scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair agus na dtreochtaí déimeagrafacha, is dócha nach leor bearta atá dírithe ar an lucht saothair baile agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach ríthábhachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dúbailte éiceolaíoch agus digiteach.

25 IO C , , lch. .
26 IO C , , lch. .
27 IO C , , lch. .

(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú i bhfoirm ardáin ar fud an Aontais lena dtugtar le chéile agus lena dtacaítear le meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

(4) Spreagtar leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le conairí dlíthiúla chun cosanta san Aontas[28] na Ballstáit chun conairí saothair comhlántacha a chur i bhfeidhm agus tacú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu[29]. D'fhéadfadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le hoibríochtú na mbealaí comhlántacha.

(5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú leis na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt ar scileanna agus ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú a mhéid nach leor gníomhachtú an lucht saothair baile agus na soghluaisteachta laistigh den Aontas chun an cuspóir sin a bhaint amach. Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann. Chuige sin, ba cheart comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta atá ann cheana a áirithiú. Ba cheart riachtanais shonracha na mBallstát a chur san áireamh agus Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh á forbairt chun an rannpháirtíocht is forleithne is féidir a áirithiú. Dá bhrí sin, is téarma cuimsitheach é "Tallann" a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát.

(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadacha agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún 181 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 1997.

(7) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme, atá ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann[30] agus a dhéantar a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas[31]. Ba cheart rannpháirtíocht Ballstáit sa Chomhpháirtíocht Tallainne a bheith gan dochar dá gcinneadh maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis inimirce.

---

[28] Moladh (AE) 2020/1364 an 23 Meán Fómhair 2020 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn.

[29] Is bealaí sábháilte agus rialaithe iad ‘bealaí comhlántacha’ do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a chomhlánaíonn athlonnú trí fhanacht dleathach a sholáthar i dtríú tír ina gcomhlíontar a riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta. Cuireann bealaí saothair comhlántacha ar chumas daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu rochtain a fháil ar bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana, a gcuid scileanna a úsáid, agus cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair sna tíortha glactha. Féach freisin: https://www.unhcr.org/complementary-pathways.html.

[30] COM/2020/609 final.

[31] COM/2022/657 final.

(9) Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as bonneagar TF atá faoi úinéireacht an Choimisiúin cheana a mhéid is féidir. D'fhéadfaí an bonneagar TF a forbraíodh faoi chuimsiú EURES a athúsáid i bpáirt le haghaidh ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an cainéal comhordaithe aonair agus an uirlis mheaitseála uathoibrithe le hoiriúnuithe ábhartha, lena n-áirítear chun "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a chur san áireamh go cuí.

(10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna amhail Acadamh an Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach.

(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589[32] lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ó fhostóirí agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF.

(12) Ba cheart tascanna a shannadh do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart na cúraimí sin a mheas mar chúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail ar gá sonraí pearsanta a phróiseáil lena bhfeidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1725[33], agus Airteagal 6(1), pointe

---

[32] Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj).

[33] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(e) de Rialachán (AE) 2016/679[34], faoi seach. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(13) Ba cheart an phróiseáil chun críche feidhmeanna cuardaigh agus meaitseála ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a theorannú do shonraí pearsanta is gá chun na cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a shainaithint, chun cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chumasú chomh maith le bailiú sonraí chun feidhmiú na linne Tallann a fheabhsú. Níor cheart go gceanglófaí leis sin aon sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 a phróiseáil.

(14) Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. Ba cheart próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nár úsáideadh le tréimhse 2 bhliain a bhaint go huathoibríoch. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

(15) Gan dochar dá n-oibleagáid ábhair sonraí a chur ar an eolas maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus a gcearta mar ábhair sonraí i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist agus fostóirí cláraithe atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas faoina gcearta chun rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh go teicniúil agus a cheangal, tráth ar bith, go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a áirítear ina bpróifílí a scriosadh nó a mhodhnú.

(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35], níor cheart cead a bheith acu a bpróifílí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula gcláróidh siad a bpróifílí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart

[34] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[35] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).

faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.

(17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass[36] lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne.

(18) I gcás inar gá, ba cheart aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus do bhailíochtú scileanna cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha sna Ballstáit rannpháirteacha arna iarraidh sin don chuardaitheoir poist nó don fhostóir i gcomhréir leis an dlí agus leis na cleachtais náisiúnta, agus le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Socruithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla. Ba cheart cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir le nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a bheith ar fáil in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh é a sholáthar.

(19) I gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, faigheann náisiúnaigh tríú tíortha roghnaithe tacaíocht d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna i gcreat arna fhormhuiniú ag na Ballstáit a ghlacann páirt i gComhpháirtíocht Tallainne agus i dtíortha comhpháirtíochta. Dá bhrí sin, ba cheart na scileanna a forbraíodh nó a bailíochtaíodh faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallann a dheimhniú le ‘pas Comhpháirtíochta Tallann an Aontais’ atá le feiceáil i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith in ann próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a scagadh chun iad siúd a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" faighte acu a léirshamhlú. D'fhéadfadh sé sin fostóirí a spreagadh chun socrúchán poist a thairiscint san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit, faoi chuimsiú Comhpháirtíochta Tallainne, na coinníollacha a chinneadh maidir le "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint chun críche Linne Tallann an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ar cheart d'údarás náisiúnta tíre comhpháirtíochta, d'eagraíocht idirnáisiúnta nó do pháirithe leasmhara eile tacú lena sheachadadh. Tá eisiúint "pas comhpháirtíochta tallainne AE" gan dochar do rialacha Eorpacha agus náisiúnta maidir le rochtain ar ghairmeacha rialáilte.

(20) Ba cheart liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in éineacht leis na gairmeacha ábhartha a bhfuil gach comhpháirtíocht ag díriú orthu.

(21) I gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne, féadfar forbairt agus bailíochtú scileanna a dhíriú ar mhargadh fostaíochta Ballstáit rannpháirtigh amháin nó níos mó. Féadfaidh na Ballstáit rannchuidiú, ó thaobh airgeadais de, leis an tacaíocht d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna a thairgtear i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, má chinneann na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne amhlaidh, níor cheart ach d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a bheith in ann, ar feadh uastréimhse bliana, cuardaitheoirí poist cláraithe a

[36] Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj).

bhfuil 'pas Comhpháirtíochta Tallainne AE' acu a chuardach. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag an bhféidearthacht sin, go háirithe, i gcásanna ina raibh forbairt scileanna dírithe go sonrach ar riachtanais Ballstáit. Faisnéis maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an fhéidearthacht sin i bhfeidhm agus cad iad na cásanna ar cheart iad a sholáthar ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, chun cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas. Féadfaidh gach fostóir atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" acu a chuardach tar éis don tréimhse ama sin a bheith caite. Ba cheart an deis a bheith i gcónaí ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a fuair tacaíocht faoi Chomhpháirtíocht Tallainne clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar aon náisiúnach tríú tír eile, gan a dhearbhú gurb ann do "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" agus mar sin a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar phoist i mBallstáit eile.

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gceart chun cóir chothrom chomhionann a fháil i ndáil le dálaí oibre, le pá íosta, le rochtain ar chosaint shóisialta, le hoiliúint agus le cosaint daoine óga ag an obair. I gcomhréir leis na prionsabail sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fostaíocht ardchaighdeáin a áirithiú.

(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina "Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir" roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir le Treoir 2011/98[37], Treoir 2014/36/AE[38], Treoir 2021/1883/AE[39], agus Treoir 2016/801/AE[40]. I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE[41], ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. Níor cheart

---

37 Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2009 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj).

38 Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj).

39 Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj).

40 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj).

41 Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj).

d'fhostóir aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Treoir 96/71/CE[42] arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibrithe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaithe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

(24) Chun meaitseáil ardchaighdeáin a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist chláraithe atá molta bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibrithe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(25) Ba cheart d'ardán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freastal ar riachtanais sheanbhunaithe ar an margadh saothair agus níor cheart dó feidhmiú mar bhealach chun an lucht saothair atá ann cheana a chur as áit nó chun difear diúltach a dhéanamh dó nó chun an bonn a bhaint d'obair chuibhiúil nó d'iomaíocht chóir ar shlí eile. Chun tacú níos fearr le hiarrachtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh díriú ar ghairmeacha sonracha ar gach leibhéal scileanna, bunaithe ar na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe is coitianta san Aontas agus ar na gairmeacha a bhfuil rannchuidiú díreach acu leis na haistrithe glasa agus digiteacha, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun na folúntais phoist a oiriúnú do riachtanais shonracha na margaí saothair náisiúnta agus chun liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghlacadh mar phointe tosaigh, ceadófar do na Ballstáit rannpháirteacha fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le gairmeacha sonracha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis nó a bhaint. Níor cheart go mbeadh tionchar ag fógraí den sórt sin ach ar na meaitseálacha le haghaidh folúntais phoist a thíolacfaidh an Ballstát faoi seach. Níor cheart go ndéanfadh an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais ná fógraí na mBallstát difear do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais.

(26) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú a chur ar fáil go héasca do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus ó fhostóirí, go háirithe maidir le faisnéis faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(27) Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú go mbeidh faisnéis atá inrochtana go héasca maidir le nósanna imeachta inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre chomh maith leis na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha ar fáil

[42] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj).

ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfar í a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart faisnéis ar líne faoi thacaíocht atá ar fáil do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus atá i dtríú tíortha a bheith ar fáil freisin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta tacaíochta a chuir na Ballstáit i bhfeidhm feachtais shonracha faisnéise, tacaíocht chun doiciméad taistil a fháil, agus tacaíocht chomhtháthaithe nuair a thagann siad.

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad.

(29) Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh tacú le soláthar faisnéise do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena fheidhmiú agus na Ballstáit atá rannpháirteach inti.

(30) Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh, agus bearta atá ann cheana chun comhtháthú a éascú sa Bhallstát óstach amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.

(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart a áirithiú go ndéanfar *acquis* an Aontais maidir le himirce dhleathach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le bac a chur ar víosaí agus ar cheadanna cónaithe chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfaí cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce luathaithe a phlé i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe chun tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát.

(32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ardán uile-Aontais a bhunú arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair ar leibhéal an Aontais trí earcú náisiúnach tríú tír chun oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach i ngeall ar easpa bealaí éifeachtacha agus ar an infheictheacht theoranta ar an leibhéal domhanda, ach gur fearr, de bharr scála na gníomhaíochta, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na

coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(33) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an Iarscríbhinn ina soláthraítear liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[43]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44].

(35) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun na teimpléid maidir le formáid "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a ghlacadh. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na caighdeáin theicniúla maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí, formáidí folúntas poist agus formáidí próifílí do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a ghlacadh agus a nuashonrú. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid freisin chun caighdeáin theicniúla a ghlacadh maidir le glacadh na bhfochatagóirí sonraí pearsanta atá le próiseáil, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

(36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE.

(37) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí uile Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus go háirithe gan idirdhealú ar bhonn gnéis, cine, datha, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiúnacha nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó

---

[43] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

[44] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj.

gnéaschlaonadh. Ba cheart a áirithiú go n-urramófar dálaí oibre cothroma agus córa agus go gcosnófar daoine óga ag an obair.

(38) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(39) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán seo ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an …,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
**Ábhar**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh atá ar fáil do gach Ballstát chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a éascú.

2. Leis an Rialachán seo leagtar rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) na húdaráis atá freagrach as bainistiú agus feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an comhar eatarthu;

   (b) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara;

   (c) na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus ó fhostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

   (d) earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhaineann tairbhe as Comhpháirtíocht Tallainne a éascú.

*Airteagal 2*
**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

*Airteagal 3*
***Rannpháirtíocht***

1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 9 mí ar a dhéanaí roimh an dáta a mbeidh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach. Ón gcéad lá rannpháirtíochta, féadfar folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sa Bhallstát sin a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Cuirfear faisnéis faoi na Ballstáit atá rannpháirteach ar fáil go poiblí ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 4*
**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "Ballstáit rannpháirteacha" na Ballstáit atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(2) ciallaíonn "cuardaitheoir poist ó thríú tír" duine a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;

(3) ciallaíonn "fostóir" aon duine nádúrtha, nó aon eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach ar faoina stiúradh nó faoina mhaoirseacht a dhéantar an fhostaíocht chomh maith le gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadacha agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair;

(4) ciallaíonn "próifíl" an fhaisnéis a sholáthraíonn cuardaitheoir poist ó thríú tír trí fhormáid chaighdeánach sonraí chun críche fostaíocht a lorg trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(5) ciallaíonn "cainéal comhordaithe aonair" an tseirbhís TF a chuirtear ar bun chun folúntais phoist a tharchur ó na Ballstáit rannpháirteacha chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de réir córais aonfhoirmigh agus an bonneagar teicniúil is gá á úsáid.

# CAIBIDIL II
# OLLSTRUCHTÚR AN CHÓRAIS TF

*Airteagal 5*
**Ardán TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**

1. Bunaítear ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a éascú.

2. Is é a bheidh in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

(a) an cainéal comhordaithe aonair lena gcumasaítear do na Ballstáit rannpháirteacha folúntais phoist a aistriú chuig bunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(b) an bonneagar teicniúil lena gcuirtear ar chumas bhunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na folúntais phoist a fháil ó na Ballstáit rannpháirteacha;

(c) an bonneagar teicniúil chun próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhailiú agus a chothabháil;

(d) an bonneagar teicniúil chun a chur ar chumas Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó na cuardaitheoirí poist cláraithe a chuardach chun folúntais phoist a chuardach;

(e) an uirlis mheaitseála uathoibrithe;

(f) an cainéal cumarsáide slán chun a chur ar chumas cuardaitheoirí poist agus fostóirí cláraithe atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cumarsáid a dhéanamh laistigh d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na caighdeáin theicniúla is gá maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí lena n-áirítear ESCO, formáidí folúntas poist agus formáidí próifílí do chuardaitheoirí poist. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

4. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha agus Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 8 idir-inoibritheacht theicniúil idir córais náisiúnta agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheofar le Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an comhéadan le hionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile arna dtairiscint ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 6*

**Sonraí pearsanta a phróiseáil**

1. Ní fhéadfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus sonraí pearsanta fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a phróiseáil ach a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 8. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoir sonraí, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Ní fhéadfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a phróiseáil ach a mhéid is gá chun a chúraimí faoi Airteagal 10 a chomhlíonadh. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoirí sonraí, de réir bhrí Airteagal 4, pointe 7 de Rialachán (AE) 2016/679.

3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne agus sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

4. Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist cláraithe ó

thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus a gcearta mar ábhair sonraí chomh maith lena gcearta faoi mhíreanna 6 agus 7.

5. Déanfar na sonraí pearsanta atá cláraithe ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh nó a tarchuireadh chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an Rialachán seo a innéacsú, a stóráil agus a chur ar fáil ansin chun críocha cuardaigh agus meaitseála amháin. Beidh sé de cheart ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh.

6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a bhaint amach chun feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fheabhsú.

7. Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus folúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fáil le haghaidh cuardach agus meaitseáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

8. Ní bheidh rochtain ar shonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ach ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Beidh rochtain ar shonraí fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha breise maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil agus atá le háireamh i bhformáidí na bhfolúntas poist agus na bpróifílí cuardaitheoirí poist, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist cláraithe srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

## CAIBIDIL III
## RIALACHAS

*Airteagal 7*
**Struchtúr**

1. Is éard a bheidh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

   (a) rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

   (b) grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

   (c) Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

*Airteagal 8*
**Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**

1. Soláthróidh an Coimisiún Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh freagracht ar an Rúnaíocht as:

(a) bainistiú foriomlán ar chúraimí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a áirithiú, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(b) ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú agus a bhainistiú agus seirbhísí TF gaolmhara is gá chun é a fheidhmiú, go háirithe trí bhonneagar teicniúil atá ar fáil cheana féin a úsáid ar leibhéal an Aontais i gcás inarb ábhartha;

(c) faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir le hardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 10 (2), pointe (f), Airteagal 12(5),(6) agus (7), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2);

(d) cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a ullmhú;

(e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20;

(f) cruinnithe rialta de Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thionól chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme teicniúil ar leibhéal náisiúnta an Rialacháin seo a mhalartú.

*Airteagal 9*
**Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**

1. Bunaítear Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tá Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as:

(a) tacaíocht a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh á ullmhú de bhun Airteagal 14;

(b) tacaíocht a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i dtaobh phleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(c) bailiú sonraí atá ábhartha do ghníomhaíochtaí faireacháin Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 20 a éascú;

(d) cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce luathaithe a phlé chun earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a éascú de bhun Airteagal 19.

2. Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí.

3. Tiocfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le chéile dhá uair sa bhliain, nó ar bhonn ad hoc nuair is gá. Is é an Coimisiún a chomórfaidh agus a dhéanfaidh cathaoirleacht ar na cruinnithe.

4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.

*Airteagal 10*

**Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**

1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gceapfar údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce mar Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as an méid seo a leanas:

   (a) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a éascú ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 5;

   (b) folúntais phoist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tríd an gcainéal comhordaithe aonair agus meaitseáil idir cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a éascú;

   (c) fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faoi liosta náisiúnta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe uair sa bhliain agus faoi aon choigeartuithe náisiúnta ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais de bhun Airteagal 15;

   (d) clárlann a choinneáil d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

   (e) rochtain fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fionraí agus a bhfolúntais poist a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcás ina ndéanfar sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha de bhun Airteagal 13(3) a chur in iúl do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag na húdaráis náisiúnta ábhartha atá freagrach as an dlí agus an cleachtas ábhartha a fhorfheidhmiú;

   (f) faisnéis a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le nósanna imeachta inimirce agus aitheantais ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais agus sonraí ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach in Airteagal 20;

   (g) seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 17.

3. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ó gach Ballstát rannpháirteach a chomóradh go rialta i Líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhalartú.

# CAIBIDIL IV
# CUARDAITHEOIRÍ POIST Ó THRÍÚ TÍORTHA A CHLÁRÚ AGUS FOSTÓIRÍ A BHEITH RANNPHÁIRTEACH I LINN TALLAINNEAN AONTAIS EORPAIGH

*Airteagal 11*

**Clárú agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha**

1. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí a chruthú trí thógálaí próifíle Europass chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh rochtain ar phróifíl a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh teoranta do dhaoine a dhearbhaíonn go sainráite nach bhfuil siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear dul isteach nó fanacht i mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.

3. Beidh próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais a chuardach.

*Airteagal 12*

**Clárú próifíle agus rochtain cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhthéacs Comhpháirtíochtaí Tallainne**

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallann a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin a ndearnadh a gcuid scileanna a fhorbairt nó a bhailíochtú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallann sin agus arna dheimhniú le "pas Comhpháirtíochta Tallann an Aontais Eorpaigh" a éascú.

2. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" faighte acu lena ndeimhnítear na scileanna a forbraíodh nó a bailíochtaíodh i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne a bpróifíl a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh lena nasctar a bpróifílí le "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh".

3. Beidh "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" le feiceáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus beidh faisnéis ann maidir le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

   (a) mionsonraí an oideachais agus na hoiliúna a fuair náisiúnach tríú tír atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne, lena n-áirítear ábhar an oideachais, na hoiliúna, a fhad agus an cineál scileanna a fuarthas agus an leibhéal;

   (b) an cháilíocht a baineadh amach agus scileanna an náisiúnaigh tríú tír a bailíochtaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Tallainne, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le gairm shonrach, scileanna teanga, nó scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le comhtháthú i mBallstát amháin nó níos mó;

(c) aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith ábhartha chun críche earcaíochta.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléid a ghlacadh maidir le formáid "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh". Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá tagraítear in Airteagal 22(2).

5. Déanfaidh na Ballstáit na coinníollacha maidir le heisiúint “pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh” a chinneadh faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ina bhfuil siad rannpháirteach. Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi na coinníollacha sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

6. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha, infheictheacht próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" faighte acu a theorannú, ar feadh uastréimhse bliana, d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na míre sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

7. Foilseofar liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát rannpháirteach atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne agus na gairmeacha ábhartha a chumhdaítear ann ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 13*

**Rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**

1. Féadfaidh fostóirí ar spéis leo páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a iarraidh ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Aistreofar Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chuig folúntais poist ardáin TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

(a) tagann siad laistigh den liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach in Airteagal 14 agus de na coigeartuithe náisiúnta ar an liosta de bhun Airteagal 15(1) nó de na folúntais poist sin atá ábhartha do Chomhpháirtíocht Tallainne;

(b) go bhfuil siad oscailte d'earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcomhréir le prionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais, i gcás inarb infheidhme faoin dlí náisiúnta.

3. Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta chun cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora a áirithiú chomh maith le neamh-idirdhealú. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile, comhaontuithe comhchoiteanna agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Ní ghearrfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh táillí ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta.

4. Beidh folúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

5. Cuirfidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in iúl, gan moill mhíchuí, in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, gur éirigh leo earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chur i gcrích don fholúntas poist ar leith. Scoirfidh próifílí na gcuardaitheoirí poist cláraithe sin agus na bhfolúntais phoist chomhlíonta de bheith le feiceáil go huathoibríoch in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit rannpháirteacha Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar an eolas láithreach maidir le haon sáruithe ar fhorálacha an dlí agus an chleachtais ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).

*Airteagal 14*

**Liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais**

1. Chun críche an Rialacháin seo, leagtar amach san Iarscríbhinn liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21 chun an Iarscríbhinn a leasú, i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

(a) gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe is coiteann do líon suntasach Ballstát rannpháirteach mar a chuir Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh in iúl do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 10(2)(c);

(b) gairmeacha a chuireann go díreach le haistriú glas agus le haistriú digiteacha an Aontais agus ar dócha go dtiocfaidh méadú ar a dtábhacht.

2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 15*

**Coigeartuithe náisiúnta ar an liosta uile-Aontais de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe**

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08, chun a riachtanais shonracha sa mhargadh saothair a shásamh. Féadfaidh siad a chinneadh freisin gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a bhaint den liosta ar fud an Aontais i gcás nach bhfreagraíonn na gairmeacha sin dá riachtanais shonracha sa mhargadh saothair. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe tírshonracha difear ach do mheaitseáil folúntas sa Bhallstát lena mbaineann.

Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát a thugann fógra faoina rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3 fógra faoi aon bhreiseanna ar liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó faoi aon aistriú

uathu 3 mhí ar a dhéanaí sula rachaidh siad isteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát rannpháirteach fógra faoi aon bhreiseanna ar liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó faoi aon aistriú uathu laistigh de 3 mhí tar éis na leasuithe ar an Iarscríbhinn.

Féadfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le tuilleadh breiseanna agus aistrithe ó liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe uair amháin sa bhliain ar a mhéad.

2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na coigeartuithe ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar thug Pointí Teagmhála um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra ina leith ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

3. Ní aistreoidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ach amháin na folúntais poist sin a chomhfhreagraíonn do liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe agus na coigeartuithe dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh.

*Airteagal 16*

**Cuardach agus meaitseáil**

1. Féadfaidh fostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chuardach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Féadfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh scagaire sonrach atá ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a úsáid chun próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil "pas comhpháirtíochta tallainne AE Eorpaigh" faighte acu a chuardach.

3. Féadfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe molta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibríoch agus bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist.

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha folúntais phoist a chuardach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus rochtain a fháil ar liosta d'fholúntais phoist ábhartha mholta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibrithe.

# CAIBIDIL V
# SOLÁTHAR FAISNÉISE, SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA AGUS NÓSANNA IMEACHTA INIMIRCE LUATHAITHE

*Airteagal 17*

**Soláthar faisnéise agus seirbhísí tacaíochta**

1. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus maidir lena feidhmiú ar fáil go héasca.

Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

(a) faisnéis maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis na sásraí sásaimh atá ar fáil chomh maith le faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;

(b) míniú soiléir a thabhairt do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha má tá siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear an dul isteach nó fanacht i mBallstát nó má tá siad faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, toirmiscfear a dteacht isteach i gcríoch na mBallstát uile agus fanacht iontu.

2. Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise, agus cúnamh iar-roghnúcháin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) faisnéis shonrach maidir le nósanna imeachta náisiúnta inimirce chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre tar éis an phróisis roghnúcháin;

(b) treoir shonrach agus faisnéis shonrach maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh;

(c) faisnéis shonrach maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas, tithíocht, aitheantas do cháilíochtaí agus an sásra gearán de bhun Airteagal 18;

(d) faisnéis atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta chun comhtháthú náisiúnach tríú tír sa Bhallstát óstach a éascú amhail cúrsaí teanga, gairmoiliúint agus oideachas chomh maith le bearta comhtháthaithe eile;

(e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a bhfuil cúnamh iar-earcaíochta á thairiscint acu do náisiúnaigh tríú tír.

3. I gcás inarb ábhartha, tarchuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh iarrataí ar fhaisnéis, ar threoir agus ar thacaíocht chuig údaráis inniúla náisiúnta eile agus, más infheidhme, chuig comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta lena dtacaítear le comhtháthú náisiúnach tríú tír ar an margadh saothair.

*Airteagal 18*

**Gearáin a éascú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh sásraí éifeachtacha ann trína bhféadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha gearáin a thaisceadh i gcás ina sáraíonn na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3).

2. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le sásraí sásaimh atá ar fáil go héasca.

*Airteagal 19*
**Nósanna imeachta inimirce luathaithe**

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm chun earcú níos tapúla a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

2. Féadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas a chumhdach:

   (a) víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre;

   (b) an díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais maidir le folúntais poist arna n-aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

# CAIBIDIL VI
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 20*
**Gníomhaíochtaí faireacháin**

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) líon agus cineál próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(b) líon agus cineál na bhfolúntas poist arna n-aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(c) líon na gcuairteanna ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(d) líon agus cineál na socrúchán poist arna n-éascú trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

(e) líon na "bpasanna Comhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais Eorpaigh" arna n-eisiúint;

(f) líon na socrúchán arna n-éascú trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne.

2. Bunóidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an bailiúchán sonraí de réir na gcoincheap agus na sainmhínithe staidrimh agus malartóidh sí faisnéis agus sonraí leis an gCoimisiún chun críche cáilíocht na sonraí arna mbailiú faoin Rialachán seo agus táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

3. Baileoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus ó Ghrúpa Stiúrtha um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Article 21*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó dháta

theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na chéad tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadú den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh feidhm aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 22*
**An nós imeachta coiste**

1. Beidh Coiste a bhunaítear leis an Rialachán seo de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 23*
**Tuairisciú**

1. Faoin 31.12.2031 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 24*
**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. An modh /na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar measta ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An imirce agus an fhostaíocht

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐**beart nua tar éis treoirthionscadail/réamhbhirt**[45]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh tacú le hearcú idirnáisiúnta cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha trí bhealaí dlíthiúla chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna an Aontais.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha beartais:

1) Meaitseáil post idirnáisiúnta níos éifeachtaí a áirithiú;

2) Inchomparáideacht scileanna agus cáilíochtaí a fhaightear i dtríú tíortha a fheabhsú leis na cinn a theastaíonn ar an leibhéal náisiúnta;

3) Tuiscint agus rochtain ar na nósanna imeachta imirce a fheabhsú;

4) An comhar maidir le himirce le tríú tíortha a spreagadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar ba cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an chéad ardán ar fud an Aontais a bheidh dírithe ar earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil suim acu agus a bhfuil na scileanna acu is gá chun oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais. Tá an tionscnamh deonach, rud a fhágann go bhfuil rogha ag na Ballstáit dul isteach ann nó gan dul isteach ann. Chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ag an togra, agus a chineál deonach á chur san áireamh agus go

45 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

bhféadfaidh roinnt Ballstát a chinneadh dul isteach ann a luaithe a bheidh an córas ag feidhmiú go hiomlán, glactar leis go dtiocfaidh idir 11 agus 20 Ballstát isteach faoi 2030, agus go dtiocfaidh tuilleadh Ballstát isteach ina dhiaidh sin. Ní thugann an toimhde sin réamhbhreithiúnas ar roghanna na mBallstát agus déanfar an buiséad a choigeartú ag brath ar líon na mBallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Trí ardán meaitseála post agus raon leathan treorach agus seirbhísí pearsantaithe a thairiscint, rachadh sé chun tairbhe do ghnó agus go háirithe do FBManna, toisc go ráthódh sé rochtain ar chomhthiomsú níos leithne de chuardaitheoirí poist ábhartha ó lasmuigh den Aontas. D'fhágfadh sé freisin go mbeadh earcaíocht níos tapúla, níos éasca agus níos éifeachtaí agus go n-áiritheofaí cáilíocht níos fearr meaitseálacha trí uirlisí sonracha agus tacaíocht phearsantaithe. Tá na buntáistí d'fhostóirí nasctha den chuid is mó le coigilteas ama thar na céimeanna éagsúla den phróiseas earcaíochta. Ina theannta sin, bheadh coigilteas costais iomlán breise d'fhostóirí Eorpacha de raon idir EUR 74 500 000 agus EUR 77 700 000 mar thoradh ar an bhfíric go mbeadh an t-ardán nua saor in aisce le húsáid do ghnólachtaí. Chuirfeadh líonadh na bpost folúntais ar chumas na bhfostóirí a dtáirgiúlacht agus a gcumas a mhéadú chun a bheith nuálach agus chun fás. D'fhéadfaí coigilteas breise costas a ghiniúint, dá gcinnfeadh na Ballstáit bearta éascaithe a thabhairt isteach a bhaineann leis na nósanna imeachta imirce.

Bheadh tionchar dearfach ag an tionscnamh ar OTI le OTI breise EUR EUR thart ar EUR 3.855 – 4.255 billiún agus 11 go 20 Ballstát rannpháirteach ann go dtí 2030 arna ghiniúint le pá breise. Bheadh tionchar dearfach aige freisin ar ranníocaíochtaí fioscacha (EUR 918-957 milliún) agus ar sheoltáin le haghaidh tríú tíortha (EUR 712-748 milliún).

Trí ghanntanais saothair ar fud an Aontais a líonadh isteach, beidh tionchar dearfach ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar rathúnas an Aontais amach anseo agus ligfidh sé do na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le daonra in aois oibre atá ag laghdú agus leis an aistriú dúbailte éiceolaíoch agus digiteach.

Dá ndéanfaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar uirlis le haghaidh socrúcháin fostaíochta i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne, d'éascófaí cur chun feidhme an tionscnaimh seo. Dá bhrí sin, rannchuideoidh sé go hindíreach le bainistiú foriomlán na himirce trí chomhar a dhreasú le tríú tíortha maidir le himirce, agus ag an am céanna cuirfidh sé le soghluaisteacht idirnáisiúnta agus le forbairt scileanna. Rachadh sé sin chun tairbhe don Aontas, dá Bhallstáit agus do shaoránaigh an Aontais, chomh maith le tríú tíortha agus a gcuid saoránach.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra, tugtar tuairisc ar chreat faireacháin ar leith, lena n-áirítear táscairí éagsúla de réir na gcuspóirí sonracha.

Seo a leanas na táscairí a bheidh ann:

– líon agus cineál próifílí cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

– na folúntais poist arna gclárú in Ardán TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

– líon na gcuairteanna ar Ardán TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus líon na socrúchán poist arna n-éascú trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

– líon "phasanna Comhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais Eorpaigh" arna n-eisiúint agus líon na socrúchán arna n-éascú trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne.

D'fhágfadh sé sin go mbeifí in ann faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar rath an tionscnaimh maidir leis na cuspóirí sonracha a bhaint amach.

Dhéanfadh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, (gach dara bliain) ina n-áireofar táscairí mionsonraithe feidhmíochta agus spriocanna agus bonnlíne ag gabháil leo.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tar éis do na comhreachtóirí an togra maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a ghlacadh (a bhfuiltear ag súil go dtarlóidh sé ag deireadh 2025), thosódh forbairt Ardán TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus mhairfeadh sé thart ar dhá bhliain (2026 -2027). Sa tréimhse chéanna, bheadh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha, idir-inoibritheacht a mbunachar sonraí náisiúnta le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a ráthú.

I gcomhthreo leis sin, níor mhór Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú chomh maith le fóraim rialachais eile (Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh), agus coistí ábhartha chun na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Thairis sin, beidh ar an gCoimisiún ról níos tábhachtaí a ghlacadh maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin nua, chun a áirithiú go gcomhlíontar na cuspóirí.

I ngeall ar chur chun feidhme an Rialacháin, is gá roinnt saincheisteanna mionsonraithe a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe laistigh de dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin.

Go dtí go gcuirfear tús le hoibriú ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún an gníomh tarmligthe seo a leanas a ghlacadh:

– lena mbunaítear liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme seo a leanas a ghlacadh:

– na caighdeáin theicniúla is gá a ghlacadh maidir le malartú sonraí, formáidí sonraí, folúntas poist agus formáidí próifílí cuardaitheoirí poist;

– teimpléid a ghlacadh maidir le formáid "pas Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh",

– tuilleadh forálacha a ghlacadh maidir leis na fochatagóirí sonraí pearsanta atá le próiseáil, freagrachtaí rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear rialacha lena rialaítear an

úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as próiseálaí sonraí nó próiseálaithe sonraí, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus an rogha atá ar fáil do chuardaitheoirí poist srian a chur ar an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante): Tá ganntanais scileanna agus saothair ag dul in olcas sna Ballstáit uile i bhfianaise dhúshláin dhéimeagrafacha agus cheanglais dhéimeagrafacha an aistrithe dhúbailte éiceolaíoch agus dhigitigh. Cé go bhfuil cuid acu ag tabhairt aghaidh ar na ganntanais sin cheana féin tríd an lucht saothair baile a athghníomhachtú agus soghluaisteacht laistigh den Aontas a fheabhsú, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na hiarrachtaí sin leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar ghanntanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Ar an gcúis sin, tá roinnt Ballstát tar éis ról lárnach na himirce dleathaí a aithint cheana féin agus beartais forbartha acu chun tallann a mhealladh, ach tá siad sin ilroinnte go forleathan agus éagsúil ar fud na mBallstát maidir le scála na hidirghabhála. Meastar nach leor iad i gcomparáid leis an éileamh saothair a mheastar a bheidh i gceist san Aontas. Cé gur cuireadh roinnt ardán digiteach agus uirlisí meallta tallainne ar bun ar an leibhéal náisiúnta, níl siad ann ach i mbeagán Ballstát agus tá raon feidhme teoranta acu, agus baineann ganntanas an Aontais le gach leibhéal scileanna, rud a fhágann nach dtugtar aghaidh ar ghné an Aontais den tsaincheist.

Mar gheall ar easpa cur chuige comhchuibhithe mar aon le hinfheictheacht theoranta na n-ardán náisiúnta atá ann cheana ar an leibhéal domhanda, laghdaítear cumas na mBallstát barainneachtaí scála a bhaint amach agus beartais maidir le tallann a mhealladh á bhforbairt ina n-aonar. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonair aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar earcú neamhleor náisiúnach tríú tír trí bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna an Aontais: D'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit atá ag gníomhú ina n-aonar, go háirithe Ballstáit bheaga nach bhfuil chomh hinfheicthe ar fud an domhain, in ann dul san iomaíocht do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha.

D'fhéadfadh ardán aontaithe de chuid an Aontais cuidiú leis an mbearna idir soláthar saothair náisiúnach tríú tír agus éileamh an Aontais a nascadh agus a líonadh, rud a mheallfadh an tallann eachtrach ar bhealach níos mó ná an méid a bhainfeadh na Ballstáit amach ina n-aonar.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex post): Le Linn Tallainne an Aontais, d'fhéadfaí tacú le hearcú idirnáisiúnta náisiúnach tríú tír trí bhealaí dlíthiúla chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna an Aontais. Mar ardán meaitseála post amháin ar fud an Aontais a thairgeann faisnéis thrédhearcach freisin maidir le próisis inimirce agus earcaíochta chomh maith le seirbhísí tacaíochta, chuirfeadh sé feabhas ar éifeachtúlacht fhoriomlán an bhainistithe imirce lucht saothair ar leibhéal an Aontais agus chuirfeadh sé an tAontas chun cinn mar cheann scríbe d'oibrithe eachtracha. Chuirfeadh sé feabhas freisin ar iomaíochas agus ar fhás eacnamaíoch an Aontais trí fheiceálacht bheartais

imirce dleathaí an Aontais agus na mBallstát a fheabhsú ar an leibhéal domhanda agus trí níos mó náisiúnach tríú tír a mhealladh ó áiteanna thar lear. A bhuí leis na barainneachtaí scála, is amhlaidh is fearr a bheadh an tAontas Eorpach in ann dul san iomaíocht ar an gcéim dhomhanda maidir le tallann eachtrach a mhealladh agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach. Áiritheofar leis sin go gcuimseofar líon níos mó iarrthóirí féideartha ag a bhfuil na scileanna cearta, agus go dtabharfar aghaidh níos fearr ar riachtanais saothair na bhfostóirí i ngach Ballstát. Sheolfadh sé teachtaireacht shoiléir chuig cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha go bhfuil an tAontas Eorpach réidh le fáilte a chur rompu ina mhargadh saothair. Déanfaidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na tionscnaimh náisiúnta atá ann cheana chun tallann a mhealladh a chomhlánú agus a threisiú.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

I mí Dheireadh Fómhair 2022 seoladh Treoirthionscadal Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun tacú le daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Faoin Treoirthionscnamh seo, tá tairbhithe cosanta sealadaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát in ann a CVanna a chlárú ar ardán EURES agus deiseanna fostaíochta a lorg i mBallstát eile, ach ní mheaitseáiltear a CVanna leis na folúntais. Cé go gceaptar Treoirthionscnamh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh go sonrach chun lánpháirtiú tairbhithe cosanta sealadaí atá san Aontas cheana féin a éascú sa mhargadh saothair, bheadh Linn Tallainne ceart an Aontais dírithe ar chuardaitheoirí poist a mhealladh ó thríú tíortha nach bhfuil cónaí orthu cheana féin san Aontas. Dá bhrí sin, tá loighic, bunús dlí agus raon feidhme difriúil ag an dá thionscnamh agus ní féidir na ceachtanna a foghlaimíodh ón Treoirthionscnamh a úsáid don tionscnamh seo ach go pointe teoranta. Mar sin féin, léiríonn an taithí ón Treoirthionscnamh an tábhacht a bhaineann le córas meaitseála a áirithiú idir próifílí poist agus folúntais agus le feachtas feasachta fairsing a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le náisiúnaigh tríú tír a bhféadfadh suim a bheith acu an uirlis a úsáid. Ina theannta sin, deimhníodh ról ábhartha na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) go cothrom.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Leanann an togra an Comhaontú Nua ón gCoimisiún maidir le hImirce agus Tearmann lenar aithníodh an imirce dhleathach mar chuid bhunriachtanach den chur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus lenar gealladh "tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh d'oibrithe oilte tríú tír a d'fhéadfadh feidhmiú mar ardán ar fud an Aontais le haghaidh earcaíochta idirnáisiúnta".

Fógraíodh an rún Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú sa Phacáiste um Scileanna agus Tallann. Chuirfeadh tionscnamh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh feabhas ar úsáid Threoracha an Aontais maidir le himirce dhleathach, toisc gur réamhriachtanas riachtanach san Aontas é tairiscint poist a fháil a éascóidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun víosa nó cead cónaithe a fháil a bhaineann le hobair. Tríd an gcreat reachtach maidir le himirce dhleathach a dhéanamh níos soiléire, trí fhaisnéis agus seirbhísí tacaíochta ar líne a sholáthar, d'éascódh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain ar na nósanna imeachta agus, dá bhrí sin, thacódh sí le hearcú idirnáisiúnta náisiúnach tríú tír trí bhealaí dlíthiúla. Ina theannta

sin, is féidir le bealaí dlíthiúla éifeachtacha cur leis an laghdú ar an imirce neamhrialta agus dul chun tairbhe ár margaidh shaothair.

Tacóidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne trí uirlis a chur ar fáil chun cuardaitheoirí poist ó na tíortha comhpháirtíochta atá rannpháirteach sna comhpháirtíochtaí sin a shocrú go héifeachtach, rud a mhéadóidh éifeachtacht chomhar an Aontais le tríú tíortha maidir le himirce dhleathach agus, mar thoradh air sin, maidir le bainistiú foriomlán na himirce.

Ós rud é go mbeidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh oscailte freisin do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i dtríú tíortha, cuirfidh sí leis an gcuspóir bealaí dlíthiúla agus sábháilte a sholáthar agus a fheabhsú don Aontas Eorpach dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar fud an domhain, mar a leagtar amach i Moladh 2020 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosaint a thabhairt don Aontas.

Tá Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna de phacáiste an Choimisiúin maidir leis an tsoghluaisteacht tallainne a glacadh mar chuid den Bhliain Eorpach um Scileanna.

Comhlánóidh sé freisin tionscnaimh bheartais an Aontais a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas amhail an Clár Oibre Eorpach um Scileanna, agus éascóidh sé gnóthú an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh san Aontas, i gcomhréir leis an nGníomh um an Tionscal Glas-nialasachta agus le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais.

Ag tógáil ar thaithí EURES agus an Údaráis Eorpaigh Saothair, cuideoidh sé le sineirgí a bhaint amach le bearta beartais eile de chuid an Aontais atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar scileanna an Aontais agus ar ghanntanais saothair (go háirithe EURES).

Tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát comhoiriúnach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 le húsáid AMIF chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil reatha, is féidir freastal ar na riachtanais trí ath-imlonnú laistigh den chlár AMIF atá ann cheana.

Ní dhéantar foráil maidir le haon chostas breise laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair. Sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027, moltar go ndéanfaí an costas ar an Mol Sonraí agus ar an Údarás Custaim a mhaoiniú trí CAA ina dhiaidh sin, gan teacht roimh an gcomhaontú maidir le CAI agus leis na cláir. Is costais tháscacha iad na costais a chumhdaíonn an tréimhse tar éis 2027 agus ní thugann siad réamhbhreithiúnas ar an mbuiséad atá ar fáil don tionscnamh faoin CAI amach anseo.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2024 go 2028.

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. An modh /na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[46]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☑ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí cur chun feidhme an bhuiséid a chur ar a n-iontaoibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí".*

Barúlacha

| |
|---|
| Táthar ag súil go mairfidh céim forbartha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dhá bhliain ina mbunófar Ardán TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, in aice le Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus le fóraim rialachais eile. Táthar ag súil go mbeidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ó thús 2028.<br><br>Beidh an bhainistíocht indíreach infheidhme ó 2028 i leith, toisc go bhfuil sé ar intinn ó 2028 tacú le gníomhaithe atá bunaithe san Aontas Eorpach nó go hidirnáisiúnta ó thaobh airgeadais de agus atá i láthair sna tríú tíortha a d'fhéadfadh cabhrú le daoine easáitithe a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu chun úsáid a bhaint as deiseanna Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus ar an gcaoi sin tacú le forbairt na mbealaí saothair comhlántacha. |

[46] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme ar fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia mar aon le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Déanfar an cistiú a chuirfear chun feidhme faoin **mbainistíocht dhíreach agus indíreach** a chur chun feidhme faoi Shaoráid Théamach AMF, rud a thagann freisin faoi shásra ginearálta faireacháin agus meastóireachta AMF. Bunófar teimpléid agus rialacha cuíchóirithe d’fhonn táscairí a bhailiú ó thairbhithe na gcomhaontuithe um dheontais agus rannchuidithe ar an luas céanna leis an mbainistíocht chomhroinnte, d’fhonn nochtadh sonraí inchomparáide a áirithiú.

Nuair a dhéanfar rannchuidiú an Aontais a sholáthar trí **bhainistíocht comhroinnte**, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: Leanfaidh an cistiú a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060 an 24 Meitheamh 2021, dá dtagraítear tuilleadh mar an rialachán RFC, i Rialachán 2018/2016 (Rialachán Airgeadais) agus i Rialachán (AE) 2021/1147 an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, dá dtagraítear tuilleadh mar Rialachán CTIL. I gcomhréir le rialachán RFC, tá córas bainistíochta agus rialaithe bunaithe cheana féin ag gach Ballstát dá chlár chun cáilíocht agus iontaofacht an chórais faireacháin a áirithiú. Dá bhrí sin, maidir le bainistíocht chomhroinnte, tá creat comhtháite agus éifeachtach tuairiscithe, faireacháin agus meastóireachta ar bun. Ní mór do na Ballstáit coiste faireacháin a bhunú agus féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh in obair an choiste sin i gcáil chomhairleach. Déanfaidh coistí faireacháin athbhreithniú ar na saincheisteanna go léir a dhéanann difear don dul chun cinn i dtaca lena chuspóirí a bhaint amach. I dtaca le cistí Gnóthaí Baile, tíolacfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht chur chun feidhme an chláir agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chun na garspriocanna agus na spriocanna a bhaint amach. Ina theannta sin, tráchtfar sna tuarascálacha sin ar aon saincheisteanna a imríonn tionchar ar fheidhmíocht an chláir agus tabharfar tuairisc ar na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

### 2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Beidh an straitéis rialaithe bunaithe ar an Rialachán Airgeadais agus ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Maidir leis an gcuid a chuirtear chun feidhme trí **bhainistíocht dhíreach agus indíreach** faoin tsaoráid théamach, cuirfidh an córas bainistíochta agus rialaithe leis an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an CAI reatha.

Nuair a dhéanfar rannchuidiú an Aontais a sholáthar trí **bhainistíocht comhroinnte**, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: gheobhaidh na Ballstáit ranníocaíocht bhreise le haghaidh idir-inoibritheacht a gcóras náisiúnta le hArdáin TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le haghaidh a bPointí Teagmhála Náisiúnta chomh maith le tacaíocht riaracháin chun "pasanna um Chomhpháirtíocht Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne (i gcás inarb iomchuí). Déanfar na méideanna comhfhreagracha a leithdháileadh ar na Ballstáit trína gclár a leasú. Déantar na cláir sin a bhainistiú faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán Airgeadais, Rialachán na

bhForálacha Coiteanna agus an Rialachán lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (Rialachán CTIL). Leagtar amach na socruithe íocaíochta le haghaidh bainistíocht chomhroinnte i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC).

Féadfar glancheartúchán airgeadais teacht as aon neamhrialtacht a bhraithfidh an Coimisiún nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tar éis tharchur an phacáiste dearbhaithe bhliantúil.

2.2.2 *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ós rud é go mbeidh sé i gceist le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Ardán sonrach TF um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chruthú a chaithfeadh a bheith idir-inoibritheach le córais náisiúnta ábhartha na mBallstát agus a cheanglódh orthu na Pointí Teagmhála Náisiúnta a ainmniú, tá baol ann, mura leor comhar na mBallstát, nach mbeidh forbairt Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de réir an sceidil.

Dá bhrí sin, beidh tábhacht na réamhoibre ríthábhachtach. Ba cheart don Choimisiún tús a chur chomh tapa agus is féidir leis an mbunobair a ullmhú do na socruithe ábhartha rialachais agus TF.

Beidh cruinnithe go minic agus teagmhálacha rialta ag teastáil idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar na cinntí ábhartha go tapa agus nach ndéanfaidh siad difear diúltach d'uainiú an chur chun feidhme.

Reáchtálann AS um Imirce agus Gnóthaí Baile cleachtadh bliantúil i ndáil le bainistíocht riosca chun rioscaí arda féideartha a aithint agus a mheasúnú. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS um Imirce agus Gnóthaí Baile agus bíonn plean gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear an ghníomhaíocht mhaolaithe.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn an Coimisiún go rialta ar an gcóimheas “costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”. Tuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2022 AS um Imirce agus Gnóthaí Baile cóimheas 0.45 % i ndáil le bainistíocht chomhroinnte, cóimheas 0.83 % i ndáil le deontais bhainistíochta dírí agus cóimheas 0.12 % i ndáil le bainistíocht indíreach.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Leanfaidh AS um Imirce agus Gnóthaí Baile ar aghaidh ag cur a Straitéis Frithchalaoise i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) chun a áirithiú inter alia go mbeidh a rialuithe inmheánacha frithchalaoise ailínithe go hiomlán le CAFS agus go mbeidh a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar limistéir riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difreáilte/Neamhdhifreáilte[47] | ó thíortha de chuid CSTE[48] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[49] | ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| 4 | 10 02 01 | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

47 Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
48 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
49 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*[50]

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 4 | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AS: GNÓTHAÍ BAILE** | | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **Iomlán 24-27** | **2028[51]** | **2029[52]** | **2030[53]** | **Iomlán 24-30** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 10 02 01 - An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) | Gealltanais | 0,000 | 0,000 | 12,309 | 12,309 | **24,618** | 23,513 | 23,513 | 22,262 | **93,906** |
| 10 02 01 - An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) | Íocaíochtaí | 0,000 | 0,000 | 1,361 | 6,075 | **7,436** | 6,884 | 7,958 | 10,823 | **33,101** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | | | |
| 10 01 01 - Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) | Leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh AS um Imirce agus Gnóthaí Baile** | Gealltanais | 0,000 | 0,000 | 12,309 | 12,309 | **24,618** | 23,513 | 23,513 | 22,262 | **93,906** |
| | Íocaíochtaí | 0,000 | 0,000 | 1,361 | 6,075 | **7,436** | 6,884 | 7,958 | 10,823 | **33,101** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | 0,000 | 0,000 | 12,309 | 12,309 | **24,618** | 23,513 | 23,513 | 22,262 | **93,906** |
| | Íocaíochtaí | 0,000 | 0,000 | 1,361 | 6,075 | **7,436** | 6,884 | 7,958 | 10,823 | **33,101** |

50 Is ionann na táblaí sa roinn seo agus cás ina bhfuil 20 Ballstát rannpháirteach. Ní thugann an toimhde sin réamhbhreithiúnas ar roghanna na mBallstát agus déanfar an buiséad a choigeartú ag brath ar líon na mBallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

51 Is costais tháscacha iad na costais a chumhdaíonn an tréimhse tar éis 2027 agus ní thugann siad réamhbhreithiúnas ar an mbuiséad atá ar fáil don tionscnamh faoin CAI amach anseo.

52 Idem.

53 Idem.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | Gealltanais | **0,000** | **0,000** | 12,309 | 12,309 | **24,618** | 23,513 | 23,513 | 22,262 | **93,906** |
| | Íocaíochtaí | **0,000** | **0,000** | 1,361 | 6,075 | **7,436** | 6,884 | 7,958 | 10,823 | **33,101** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| **AS: GNÓTHAÍ BAILE** | | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **Iomlán 24-27** | **2028**[54] | **2029**[55] | **2030**[56] | **Iomlán 24-30** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna | Leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí | 0,086 | 0,433 | 1,037 | 1,470 | **3,026** | 1,903 | 1,903 | 1,903 | **8,735** |
| Caiteachas riaracháin eile | Leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí | 0,000 | 0,000 | 0,078 | 0,078 | **0,155** | 0,061 | 0,102 | 0,061 | **0,379** |
| **IOMLÁN AS GNÓTHAÍ BAILE** | **Leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí** | **0,086** | **0,433** | **1,115** | **1,548** | **3,181** | **1,964** | **2,005** | **1,964** | **9,113** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den CAI** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0,086 | 0,433 | 1,115 | 1,548 | **3,181** | 1,964 | 2,005 | 1,964 | **9,113** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den CAI** | Gealltanais | **0,086** | **0,433** | **13,423** | **13,856** | **27,798** | **25,477** | **25,517** | **24,226** | **103,019** |
| | Íocaíochtaí | **0,086** | **0,433** | **2,475** | **7,623** | **10,617** | **8,848** | **9,963** | **12,787** | **42,214** |

54 Idem.
55 Idem.
56 Idem.

Amhail 2028, meastar gurb é 25 mhilliún costas bliantúil an togra, a bheartaítear a mhaoiniú trí CAI ina dhiaidh sin, gan teacht roimh an gcomhaontú maidir le CAI agus leis na cláir. Ina theannta sin, tá sé ar intinn ó 2028 tacú le gníomhaithe atá bunaithe san Aontas Eorpach nó go hidirnáisiúnta ó thaobh airgeadais de agus atá i láthair sna tríú tíortha a d'fhéadfadh cabhrú le daoine easáitithe a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu chun úsáid a bhaint as deiseanna Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus ar an gcaoi sin tacú le forbairt na mbealaí saothair comhlántacha. Ní féidir an méid sin a chainníochtú go mion ag an bpointe seo.

### 3.2.2. *An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)[57]

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | **2026** | | **2027** | | **2028**[58] | | **2029**[59] | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ⇩ | Cineál | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas |
| NA CUSPÓIRÍ GO LÉIR: Rialachas – Acmhainní daonna | | | | | | | | | | | | | |
| Pointí Teagmhála Náisiúnta (**na Ballstáit, atá le cumhdach le CTIL**) | | | 4,856 | | 4,856 | | 14,567 | | 14,567 | | 14,567 | | 53,413 |
| Fo-iomlán | | | **4,856** | | **4,856** | | **14,567** | | **14,567** | | **14,567** | | **53,413** |
| CUSPÓIR SONRACH UIMH. 2: Costais TF ag athúsáid comhpháirteanna áirithe EURES | | | | | | | | | | | | | |
| Oiriúnú agus lánpháirtiú Europass | | | 0,087 | | 0,087 | | | | | | | | 0,175 |
| Cruthú uirlisí réamhscagtha | | | 0,112 | | 0,112 | | | | | | | | 0,225 |
| Bunachar sonraí CVanna na náisiúnach tríú tír | | | 0,112 | | 0,112 | | | | | | | | 0,225 |
| Oiriúnú agus lánpháirtiú bunachar sonraí folúntas EURES | | | 0,300 | | 0,300 | | | | | | | | 0,600 |
| Oiriúnú agus lánpháirtiú innill cuardaigh/meaitseála EURES | | | 0,225 | | 0,225 | | | | | | | | 0,450 |
| Lárchóras | | | 2,175 | | 2,175 | | | | | | | | 4,350 |

57 Is ionann an tábla seo agus cás ina bhfuil 20 Ballstát rannpháirteach. Ní thugann an toimhde sin réamhbhreithiúnas ar roghanna na mBallstát agus déanfar an buiséad a choigeartú ag brath ar líon na mBallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

58 Idem.

59 Idem.

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Idir-inoibritheacht idir Ardán TF Tallann an Aontais Eorpaigh agus córais eile | | | 0,075 | | 0,075 | | | | | | | | 0,150 |
| Idir-inoibritheacht idir Ardán TF Tallann an Aontais Eorpaigh agus córais náisiúnta ábhartha na mBallstát | | | 2,088 | | 2,088 | | | | | | | | 4,176 |
| Oibríochtaí (Cothabháil) | | | | | | | 0,926 | | 0,926 | | 0,772 | | 2,624 |
| Bonneagar | | | 0,315 | | 0,315 | | 0,315 | | 0,315 | | 0,315 | | 1,574 |
| Cur chun feidhme gnéithe breise | | | | | | | 1,645 | | 1,645 | | 0,548 | | 3,837 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | **5,490** | | **5,490** | | **2,886** | | **2,886** | | **1,635** | | **18,386** |
| CUSPÓIR SONRACH UIMH. 3: Gníomhaíochtaí Eile | | | | | | | | | | | | | |
| Cumarsáid | | | 0,487 | | 0,487 | | 0,487 | | 0,487 | | 0,487 | | 2,435 |
| Aistriúchán | | | 1,300 | | 1,300 | | 1,300 | | 1,300 | | 1,300 | | 6,500 |
| Oiliúint | | | | | | | 1,600 | | 1,600 | | 1,600 | | 4,800 |
| Comhordú cothrománach | | | 0,176 | | 0,176 | | 0,176 | | 0,176 | | 0,176 | | 0,880 |
| Eolas ar líne | | | | | | | 1,057 | | 1,057 | | 1,057 | | 3,171 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3 | | | **1,963** | | **1,963** | | **4,620** | | **4,620** | | **4,620** | | **17,786** |
| CUSPÓIR SONRACH UIMH. 4: | | | | | | | | | | | | | |
| Tacaíocht riaracháin chun "pasanna Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint (costais do na **Ballstáit, atá le cumhdach le CTIL**) | | | | | | | 1,440 | | 1,440 | | 1,440 | | 4,320 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4 | | | | | | | | | | | 1,440 | | 1,440 |
| **IOMLÁN** | | | **12,309** | | **12,309** | | **23,513** | | **23,513** | | **22,262** | | **93,906** |

### 3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin*[60]

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN 24-27 | 2028[61] | 2029[62] | 2030[63] | IOMLÁN 24-30 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den CAI** | | | | | | | | | |
| Acmhainní Daonna | 0,086 | 0,433 | 1,037 | 1,470 | **3,026** | 1,903 | 1,903 | 1,903 | **8,735** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,078 | 0,078 | **0,155** | 0,061 | 0,102 | 0,061 | **0,379** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den CAI** | **0,086** | **0,433** | **1,115** | **1,548** | **3,181** | **1,964** | **2,005** | **1,964** | **9,113** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den CAI** | | | | | | | | | |
| Acmhainní Daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| **Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den CAI** | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| **IOMLÁN** | **0,086** | **0,433** | **1,115** | **1,548** | **3,181** | **1,964** | **2,005** | **1,964** | **9,113** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ó Sheirbhísí an Choimisiúin a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh de Sheirbhísí an Choimisiúin, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

#### 3.2.3.1. *Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Tá an meastachán le sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028[64] | 2029[65] | 2030[66] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 1 | 2 | 5 | 7 | 9 | 9 | 9 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |

[60] Is ionann an tábla seo agus cás ina bhfuil 20 Ballstát rannpháirteach. Ní thugann an toimhde sin réamhbhreithiúnas ar roghanna na mBallstát agus déanfar an buiséad a choigeartú ag brath ar líon na mBallstát atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

[61] Idem.

[62] Idem.

[63] Idem.

[64] Idem.

[65] Idem.

[66] Idem.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: CL)** | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 4 | 4 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1 | 3 | 7 | 10 | 13 | 13 | 13 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ó Sheirbhísí an Choimisiúin atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh de Sheirbhísí an Choimisiúin, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú, i gcás inar gá, do Sheirbhísí an Choimisiúin atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | - Tacaíocht don chaibidlíocht ar an togra reachtach i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle<br>- Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a dhréachtú + caibidlíocht thar na blianta 2026-2027<br>- Struchtúr rialachais agus nós imeachta coiste a chur ar bun<br>- Cúraimí Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh<br>- Cosaint sonraí (lena n-áirítear comhaontuithe rialaithe a dhréachtú agus a thabhairt chun críche)<br>- Bainistiú conartha ar sholáthraithe seirbhíse agus comhordú TF (Grúpa Stiúrtha TF inmheánach agus aighneacht chuig bord TF)<br>- Comhoibriú agus tacaíocht le gníomhaíochtaí a bhaineann leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta a bhunú<br>- Tacaíocht riaracháin chun "pasanna Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh" a eisiúint<br>- Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne<br><br>Córas sonrach don Chomhpháirtíocht Tallainne (riachtanais pas, feachtas faisnéise) |
| Pearsanra seachtrach | - Tacaíocht don chaibidlíocht agus don ullmhúchán roimh theacht i bhfeidhm<br>- Riachtanais oiliúna agus modúil forbartha acmhainní a ullmhú<br>- Tacaíocht le creat táscairí a chur ar bun, faireachán agus meastóireacht<br>- Straitéis chumarsáide agus eagrú imeachtaí, líonrú |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athlonnú laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Cumhdófar costais thogra Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le AMIF gan an t-imchlúdach atá ann cheana a chur i mbaol |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir leis an CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[67] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

## 3.3. An tionchar measta ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t-ioncam sannta do línte buiséid, sonraigh sin ☐

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Teideal an togra/tionscnaimh[68] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

---

67 Is í bliain N an bhliain a gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad "N" (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta a leanann.

68 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |